Oifig an Rialaitheora Pleanála
Office of the Planning Regulator

# Tuarascáil Bhliantúil 2024







# Dearbhú

Cuirtear an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi bhráid an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (‘an tAire’) agus faoi bhráid Thithe an Oireachtais i gcomhréir le hAlt 31AH den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú (‘an tAcht’).



# Clár


**2024: Sracfhéachaint** 2

**Réamhrá ón Rialaitheoir Pleanála** 3

**1. Cad a Dhéanaimid** 6

1.1 Ár bhFreagrachtaí Reachtúla 7

1.2 Ár Struchtúr 9

1.3 Ár Straitéis 10

**2. Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla** 12

2.1 Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla 13

2.2 Aighneachtaí OPR 17

2.3 Measúnú OPR ar Phleananna a Glacadh 21

2.4 Athbhreithnithe Breithiúnacha 28

**3. Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála** 29

3.1 Clár Athbhreithnithe Údaráis Áitiúil 30

3.2 Moltaí Athbhreithniú an Bhoird Pleanála a Chur Chun Feidhme 37

3.3 Láimhseáil Cásanna 38

3.4 Treochtaí maidir le Láimhseáil Cásanna 40

3.5 Cás-Staidéir: Gearáin a d'Fhiosraigh OPR 43

**4. Oideachas, Oiliúint, Taighde agus Feasacht an Phobail** 47

4.1 Oideachas agus Oiliúint 48

4.2 Taighde 53

4.3 Cumarsáid agus Anailísiú Sonraí 59

**5. Gnóthaí Corparáideacha** 60

5.1 Tacú leis an Eagraíocht 61

5.2 Rialachas 63

5.3 Faisnéis Airgeadais 68

**Faisnéis faoin bhFoireann** 70

**Liosta Acrainmneacha** 72

# 2024: Sracfhéachaint

## Aighneachtaí maidir le hUllmhú na bPleananna Reachtúla

**56** **aighneachtaí maidir le plean reachtúil údaráis áitiúil a ullmhaíodh, lenar cuimsíodh:**

**150** moladh agus **58** tuairim a eisíodh maidir le haighneachtaí ar chomhairliúcháin reachtúla, lenar cuimsíodh:

**50** moladh maidir le pleananna forbartha cathrach/contae (CDPanna) agus/nó athruithe ar CDPanna

**100** moladh a rinneadh maidir le pleananna ceantair áitiúil (LAPanna)

## Measúnú ar Phleananna a Glacadh

**29** **measúnuithe ar phleananna reachtúla a glacadh, lenar cuimsíodh:**

**8** moladh a cuireadh faoi bhráid an Aire maidir le dréacht-Treoracha beartaithe

**8** moladh a cuireadh faoi bhráid an Aire maidir le Treoracha deiridh beartaithe

## Athbhreithnithe Údaráis Áitiúil

**2** **phróiseas athbhreithnithe curtha i gcrích** (Comhairle Contae na Mí agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas)

**1** **phróiseas athbhreithnithe tionscanta** (Comhairle Contae Ros Comáin)

## Láimhseáil Cásanna

**299** **cás oscailte**

**28** **réamhscrúduithe déanta**

**4** **ngearán ar seasadh leo**

## Gníomhaíocht Taighde, Oiliúna agus um Fheasacht an Phobail

**267** **comhalta tofa a chláraigh le haghaidh oiliúna in 2024**

**916** **ball foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach a chláraigh le haghaidh oiliúna in 2024**

**4** **eagrán den fheasachán nua dlí 'Learning from Litigation' foilsithe**



**Niall Cussen,** Rialaitheoir Pleanála

# Réamhrá ón Rialaitheoir Pleanála

**Déanann Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) formhaoirsiú agus tugann sí tacaíocht don obair a dhéanann an 31 údarás áitiúil agus an Bord Pleanála i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna pleanála reachtúla. Tá súil againn go mbeidh an tuarascáil seo maidir lenár ngníomhaíochtaí áisiúil agus spéisiúil.**

Bliain thábhachtach eile ab ea 2024 d'fhorbairt na reachtaíochta, an bheartais, agus an chleachtais pleanála in Éirinn, agus d'fhorbairt fheidhmeanna OPR, ag freagairt d'an-chuid príomhról nach mór a bheith ag ár gcóras pleanála chun riachtanais eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta ár dtíre a shásamh.

Tar éis roinnt mhaith díospóireachta, iniúchta agus machnaimh, achtaíodh an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2024 i mí Dheireadh Fómhair, mar athbhreithniú agus nuachóiriú cuimsitheach ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 roimhe seo.

Ina theannta sin, rinneadh comhairliúchán poiblí maidir le Creat Pleanála Náisiúnta (NPF) an Rialtais a nuashonrú i rith 2024, agus foilsíodh an Creat leasaithe i mí Aibreáin 2025.

Ina theannta sin, i mí Dheireadh Fómhair 2024, d'fhoilsigh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an Plean Gníomhaíochta Aireachta maidir le hAcmhainní Pleanála ina n-aithnítear go mbeidh infheistíocht iomchuí de dhíth ar an reachtaíocht nua agus ar an mbeartas nuashonraithe, amhail an NPF nuashonraithe, maidir le cumas, saineolas agus córais chúltaca lena chinntiú go ndéanfaidh dlíthe agus cuir chuige nua an beart do shaoránaigh.

Leanann OPR ar aghaidh ag tacú leis na feabhsuithe reachtaíochta, beartais agus acmhainní seo, agus roinneann sé tuairimí maidir leis na feabhsuithe seo i gcónaí, rud a imreoidh dea-thionchar ar an gcaoi a gcónaímid agus a n-oibrímid in Éirinn. Bhí róil ar leith againn freisin i gcóras mear-athraitheach pleanála na hÉireann.

## Maoirseacht ar Phleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil

Is é ceann de phríomhfheidhmeanna OPR measúnú neamhspleách a dhéanamh ar phróiseas pleanála an údaráis áitiúil lena chinntiú go bhfeidhmíonn sé go héifeachtach agus ar bhealach comhordaithe.

Féachtar inár saothar freisin lena chinntiú go mbeidh na pleananna a ullmhaíonn earnáil an rialtais áitiúil comhsheasmhach le cuspóirí níos leithne pleanála náisiúnta agus réigiúnacha atá leagtha amach ag an rialtas a bhaint amach. Áirítear leis na cuspóirí sin éilimh tithíochta a shásamh, bonneagar leordhóthanach a chur ar fáil do phobail agus forbairt a sheachaint i suíomhanna míchuí a mbeadh rioscaí amhail tuile ag baint leo.

I gcomhréir leis an bhforbairt eacnamaíoch, le héilimh tithíochta, le héilimh bhonneagair, agus eile, bíonn rannóga pleanála na n-údarás áitiúil ríghnóthach agus réimse leathan d'fheidhmeanna pleanála á gcomhlíonadh acu, lena n-áirítear pleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúil a nuashonrú agus a leasú.

Dá réir sin, i rith 2024, rinne ár bhfoireann Meastóireachta Pleananna teagmháil leis na húdaráis áitiúla trí 29 próiseas athbhreithnithe ar phleananna reachtúla. Mar chuid de sin, áiríodh dhá phlean forbartha contae nua, deich n-athrú ar phleananna a bhí ann cheana, 14 phlean ceantair áitiúil nua agus trí leasú ar phleananna ceantair áitiúil a bhí ann cheana.

Déantar roinnt mhaith saothar teicniúil i ndáil leis na measúnuithe thuas toisc go mbaineann impleachtaí móra fadtéarmacha leis na pleananna sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar riachtanais reatha agus fhadtéarmacha.

Thug OPR 150 moladh agus 58 tuairim chomhairleach i ndáil le pleananna na n-údarás áitiúil in 2024, inar tugadh aghaidh ar thábhacht na bpleananna úd chun freagairt do phríomhchúrsaí beartais phoiblí agus pleanála. Áirítear leo sin an aeráid, éilimh tithíochta a shásamh ar bhealach a sheachnaíonn an tsraoilleáil uirbeach, agus forbairt uirbeach níos comhdhlúite agus níos inbhuanaithe a bhaint amach, le héilimh taistil a laghdú agus lenár bpatrúin taistil shochaíocha a aistriú chuig an taisteal a dhéantar go príomha ar iompar poiblí agus trí chóracha um thaisteal gníomhach, a mhéid is atá indéanta.

Is féidir linn an chaoi a mbaineann fíor-éifeachtaí dearfacha le comhlíonadh ár bhfeidhmeanna reachtúla a fheiceáil freisin ó thaobh cháilíocht na bpleananna a bhfuil réimse cúinsí beartais agus sonraí i bhfad níos leithne ná roimhe mar bhonn eolais fúthu.

## Maoirseacht a dhéanamh ar Fheidhmíocht Feidhmeanna Pleanála

Déanaimid athbhreithnithe freisin ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann na húdaráis áitiúla, agus An Bord Pleanála, lena gcuid feidhmeanna pleanála a chur i bhfeidhm. Cuirtear an saothar tábhachtach sin ar fáil trí chlár rollach athbhreithnithe, lena gcinntítear go mbíonn fócas leantach ar fheabhsú leanúnach i soláthar na seirbhísí náisiúnta pleanála.

I rith 2024, d'fhoilsíomar athbhreithnithe cuimsitheacha ar shaothar rannóga pleanála Chomhairlí Contae na Mí agus Átha Cliath Theas, agus thionscnaíomar athbhreithniú ar Chomhairle Contae Ros Comáin.

Leanamar orainn ag déanamh monatóireachta ar fhorfheidhmiú na moltaí ó athbhreithnithe roimhe seo ó Chomhairlí Contae na Mí agus Uíbh Fhailí agus ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Thugamar an mhonatóireacht chun críche i ndáil leis na chéad cheithre údarás áitiúla ar a ndearna OPR athbhreithniú, agus cuireadh réimse leathan feabhsuithe ar fáil.

I bhfianaise an mhéid oibre atá faoi chúram rannóga pleanála na n-údarás pleanála anois, sainaithníodh soláthar acmhainní mar phríomhcheist i ngach athbhreithniú. Mar a tugadh faoi deara thuas, tá an Rialtas ag freagairt don cheist ríthábhachtach sin tríd an bPlean Gníomhaíochta maidir le hAcmhainní Pleanála.

Cé go mbeidh sé ríthábhachtach breis acmhainní a fháil don chóras náisiúnta pleanála sna blianta amach romhainn, feicimid trínár gcuid oibre freisin an chaoi ar féidir leis an nuálaíocht acmhainneacht a chruthú in údaráis áitiúla. Áirítear leis na samplaí is deireanaí forfheidhmiú náisiúnta na Ríomhphleanála, trínar féidir iarratais phleanála a chur isteach ar líne, agus úsáid chóras monatóireachta níos sofaisticiúla ar phlean forbartha.

Ónár monatóireacht ar dhul chun cinn An Bhoird Phleanála maidir le moltaí athbhreithnithe OPR roimhe seo, is léir freisin go bhfuil an talamh réitithe le haghaidh próiseas cuimsitheach athchóirithe na heagraíochta agus le haghaidh an aistrithe chuig An Coimisiún Pleanála. Déantar plé níos mionsonraithe air sin níos déanaí sa tuarascáil seo.

Bhí bliain fhíorghnóthach againn freisin ag dul i dteagmháil leis an bpobal i ndáil le cásanna foirmiúla a ardaíodh linne, líon cásanna ar ar tháinig méadú faoi dhó in 2024 chuig 299 (suas ó na 148 cás a ardaíodh in 2023). B'fhéidir gur léirigh sé sin go raibh an pobal ag tabhairt aird níos mó ar shaincheisteanna pleanála i rith 2024, agus gur léirigh sé na leibhéil arda agus mhéadaitheacha gníomhaíochta trí chéile san fhearann pleanála agus san fhearann forbartha inbhuanaithe. Déanfar dlúthmhonatóireacht air sin amach anseo.

## Taighde, Oiliúint agus Feasacht an Phobail

I bhfianaise ráta luais reatha na forbartha in Éirinn, agus an líon mór cúrsaí práinneacha pleanála san fhearann poiblí, baineann ríthábhacht lenár dtaighde, oiliúint agus saothar feasachta poiblí d'fheidhmiú ceart an chórais phleanála agus é ag freastal ar phobail.

I rith 2024, reáchtálamar imeachtaí oiliúna ar an láthair agus ar líne, agus chláraigh 916 ball foirne sna húdaráis áitiúla agus sna tionóil réigiúnacha, agus 267 ionadaí thofa le haghaidh na n-imeachtaí oiliúna seo inar díríodh ar shaincheisteanna tráthúla. Tá gach ábhar gaolmhar ar fáil ar ár **suíomh gréasáin**, lena n-áirítear físeáin den oiliúint.

Leanadh ar aghaidh ag cur samplaí cothrom le dáta den chásdlí ar fáil don chóras pleanála inár bhfeasachán dlíthiúil, arna eisiúint ar bhonn ráithiúil, lena mbaineann tábhacht mhéadaitheach i gcomhthéacs na dlíthíochta agus na gceanglas breise beartais maidir le pleanáil.

D'fhoilsíomar ár gcéad Tuarascáil Sraithe Taighde freisin maidir le 'Gníomhachtú Talún Athfhorbraíochta', ina gcuirtear béim ar a thábhachtaí atá sé patrúin forbartha uirbí níos inbhuanaithe a bhaint amach trí thógáil timpeall ar limistéir uirbeacha agus conairí iompair phoiblí atá ann cheana, ar na dúshláin eacnamaíocha agus eile atá os comhair na hathfhorbraíochta chomh maith le réitigh phraiticiúla chun níos mó ghníomhachtú talún athfhorbraíochta a bhaint amach. Tugtar breac-chuntas ar roinnt tionscadail chomhoibríocha eile sa tuarascáil seo.

Bhíomar mar chomhóstaigh ar an Siompóisiam Náisiúnta Bonneagair i mí Dheireadh Fómhair 2024 lenar cuireadh bonn eolais faoi thionscnaimh leanúnacha an Rialtais i limistéir an chomhordaithe bonneagair. Ar an gcaoi chéanna, d'fhoilsíomar ár n-athbhreithniú bliantúil ar staitisticí pleanála, 'Pleanáil de réir Uimhreacha', atá le fáil ar ár **suíomh gréasáin**.

## Feidhmiú Corparáideach

Mar is amhlaidh le haon eagraíocht agus go háirithe le comhlachtaí poiblí, tá sé ríthábhachtach go mbeidh feidhm chorparáideach láidir mar bhonn faoinár saothar. Feidhmíonn OPR dianchórais inmheánacha agus seachtracha um seiceálacha agus rialuithe araon.

Is foireann dhinimiciúil atá againn, agus i rith 2024 d'fháiltíomar roimh chomhghleacaithe nua, agus bhog daoine eile chuig poist eile. Táimse an-bhuíoch d'fhoireann OPR a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir le seirbhísí éifeachtacha a sholáthar don phróiseas pleanála níos forleithne agus maidir lenár ndea-cháil láidir a choinneáil ó thaobh gairmiúlachta, oscailteachta, agus neamhchlaontachta de.

## Conclúidí

Bunchloch thábhachtach ab ea 2024 maidir le dul chun cinn buanfasach laistigh dár bpróiseas pleanála le go bhféadfaimis freastal ar na riachtanais a bheidh ag ár dtír amach anseo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Rialtas, leis an iar-Aire Darragh O'Brien TD agus leis an Aire reatha James Browne TD, chomh maith leis an iar-Aire Stáit, Alan Dillon TD agus leis an Aire Stáit reatha John Cummins TD, agus lena mbaill foirne uile sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Is ríthábhachtach do OPR a gcuid tacaíochta le go gcuirfear ar ár gcumas tabhairt faoi obair thábhachtach maidir le maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas pleanála na hÉireann, agus feabhas a chur air.



**Niall Cussen**
Rialaitheoir Pleanála

# 1

# Cad a Dhéanaimid

- Ár bhFreagrachtaí Reachtúla
- Luachanna
- Páirtithe Leasmhara
- Spriocanna



Cathair Luimnigh

SIAR CHUIG AN gCLÁR ÁBHAR



**Bunaíodh Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) go foirmiúil i mí Aibreáin 2019 de bhun moltaí a rinne an Binse Fiosrúcháin ar Chúrsaí agus Íocaíochtaí Áirithe Pleanála ('Binse Mahon').**

Ceann de phríomh-mholtaí Bhinse Mahon ba ea Rialaitheoir Pleanála neamhspleách a cheapadh, a mbeadh an chumhacht acu maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras pleanála in Éirinn.

Cé nach comhlacht ceaptha beartas é, is é ról OPR a chinntiú go dtacaíonn údaráis áitiúla agus An Bord Pleanála (ABP) le ceanglais beartais agus ceanglais reachtúla an rialtais agus iad ag cur na gceanglas beartais agus na gceanglas reachtúil pleanála i bhfeidhm.

Cuimsíonn ról OPR freisin forbairt agus cur i bhfeidhm clár cuimsitheach taighde pleanála, oiliúna agus feasachta poiblí chun rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála a chur chun cinn agus chun cur le heolas an phobail faoin bpleanáil in Éirinn.

## 1.1 Ár bhFreagrachtaí Reachtúla

Tugann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 arna leasú ('an tAcht') bonn reachtúil do OPR chun trí phríomhfheidhm a chomhlíonadh. Leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024, a ritheadh i mí Dheireadh Fómhair, leathnófar sainchúram reachtúil OPR a luaithe a chuirfear tosach feidhme leis. Go dtí tosach feidhme Acht 2024, coinníonn OPR air ag comhlíonadh a fheidhmeanna de réir Acht 2000 mar seo a leanas:

### i. Meastóireacht ar Phleananna Reachtúla

I gcomhréir le hAilt 31AM agus 31AO den Acht, tá OPR freagrach as measúnú neamhspleách a dhéanamh ar gach réamhphleanáil reachtúil lena chinntiú go ndéantar foráil sa phlean maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair lena mbaineann.

Áirítear leis seo measúnú a dhéanamh ar phleananna forbartha cathrach agus contae (CDPanna), pleananna ceantair áitiúil (LAPanna) agus athruithe/leasuithe ar na pleananna sin.

Ar an gcéad dul síos, cuireann OPR tuairimí agus/nó moltaí ar fáil don údarás áitiúil ábhartha maidir le conas ba cheart aghaidh a thabhairt ar chúrsaí reachtaíochta agus beartais sa phleanáil.

Nuair a bheidh ionchuir reachtúla curtha ar fáil ag OPR don phróiseas déanta pleananna, ní mór don údarás áitiúil ábhartha a leagan amach conas a thabharfar aghaidh ar ionchuir den sórt sin, agus pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair á gcur san áireamh.

Mura bhfuil plean a glacadh ag teacht le haon mholadh reachtúil ina dhiaidh sin, féadfaidh OPR fógra a eisiúint chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag moladh go n-úsáidfear cumhachtaí Treorach, a shonraítear faoi Alt 31 den Acht, chun iallach a chur ar an údarás pleanála aghaidh a thabhairt ar an gceist.

### ii. Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála

I gcomhréir le hAilt 31AS agus 31AT den Acht, féadfaidh OPR athbhreithniú a dhéanamh ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann údaráis áitiúla agus an Bord Pleanála lena bhfeidhmeanna pleanála a chomhlíonadh d'fhonn moltaí neamhspleácha fianaise-bhunaithe a dhéanamh, lena n-áirítear moltaí a chur faoi bhráid an Aire más gá.

Faoi Alt 31AU den Acht, féadfaidh OPR gearáin ón bpobal a fháil agus a iniúchadh, nó má iarrann an tAire é, gearáin faoi údarás áitiúil i gcás ina mbaineann an gearán le heagar an údaráis áitiúil agus eagar na gcóras agus na nósanna imeachta a úsáideann sé i ndáil le comhlíonadh a chuid feidhmeanna faoin Acht.

### iii. Oideachas, Oiliúint agus Taighde

I gcomhréir le hAlt 31Q den Acht, tá OPR freagrach as taighde, oideachas agus oiliúint náisiúnta a chur chun cinn le haird a tharraingt ar ról agus ar thairbhe na dea-phleanála. Cuirimid cláir oideachais agus oiliúna ar fáil do chomhaltaí tofa agus d'fhoireann na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach araon.

Cuidíonn an fheidhm oideachais, oiliúna agus taighde chun uasmhéadú a dhéanamh ar aistriú eolais idir an 31 údarás áitiúil, trí thionól réigiúnacha, an Bord Pleanála agus páirtithe leasmhara níos leithne amhail comhlachtaí gairmiúla agus grúpaí sainleasa agus, ar an gcaoi sin, uasmhéadaítear éifeachtúlacht, éifeachtacht agus comhsheasmhacht ar fud an chórais pleanála.




**Fíor 1** | Trí Chroífheidhm OPR



## 1.2 Ár Struchtúr

Tá OPR struchtúrtha i gceithre fhoireann, ag teacht leis na trí fheidhm reachtúla.

### Rialaitheoir Pleanála

| An Stiúrthóir Athbhreithnithe Pleanála | An Leas-Rialaitheoir Pleanála agus an Stiúrthóir ar Mheastóireachtaí Pleananna | Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Fheasacht an Phobail | An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha |
|---|---|---|---|
| Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara | Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara | Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara | Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara |
| Athbhreithnithe ar Údaráis Phleanála | Measúnú ar Phleananna Reachtúla | Oideachas Pleanála | Bainistíocht Airgeadais |
| Scrúdú ar Ghearáin Phleanála | Modheolaíocht Mheasúnaithe | Oiliúint agus Imeachtaí | Párolla agus Pinsin |
| Tacú le Feidhmíocht Phleanála | Anailís ar Bheartas | Cláir um Fheasacht an Phobail | Acmhainní Daonna |
| Láimhseáil Cásanna maidir le Fiosruithe Custaiméirí | Tacaíocht Taighde | Clár Taighde | Soláthar |
| Tacaíocht Taighde | | Cumarsáid OPR | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) |
| Seirbhís do Chustaiméirí | | Anailísiú Sonraí agus Léirshamhlú | Rialachas agus Dlí |
| | | | Sláinte agus Sábháilteacht |
| | | | Saoráidí |

**Fíor 2** | Struchtúr Corparáideach agus Léarscáil Feidhmeanna OPR

SIAR CHUIG AN gCLÁR ÁBHAR



## 1.3 Ár Straitéis

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise OPR na spriocanna ardleibhéil, na gníomhaíochtaí agus na garspriocanna atá ag teastáil chun feidhmeanna reachtúla OPR a chur i gcrích. Tá an straitéis ar fáil ar shuíomh gréasáin **OPR**.[1]

### Fís

Is é fís OPR, faoi dheireadh thréimhse an Ráitis Straitéise,* go mbeidh OPR in ann a rá:

***"Go ndéanann ordlathas dea-chomhordaithe pleanála tairbhe d'Éirinn agus go bhfuil clár oideachais, oiliúna agus taighde ar chúrsaí pleanála atá leathan, éifeachtach agus a bhfuil glacadh maith leis curtha i bhfeidhm agus go gcruthófar cultúr feabhsúcháin leanúnaigh in údaráis phleanála a spreagfar trí athbhreithnithe tráthrialta ar a bhfeidhmíocht."***

### Ár Luachanna

- **Neamhspleáchas**
- **Gairmiúlacht**
- **Trédhearcacht**
- **Rannpháirtíocht**
- **Fócas ar Chustaiméirí**

* Cuireadh síneadh le Ráiteas Straitéise OPR, ar fheitheamh thosach feidhme an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2024.

**Fíor 3** | Fís agus Luachanna OPR

1 https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2019/10/20191002-OPR-Strategy-Statement-Final-Text.pdf

## Príomhpháirtithe Leasmhara

Is croíluach í rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara, croíluach a bheidh ríthábhachtach chun fís OPR a bhaint amach. Cinntíonn OPR go gcuirtear ionchuir cuid mhór páirtithe leasmhara sa phróiseas pleanála san áireamh, ag léiriú leasanna na ndreamanna seo a leanas:

- An pobal;
- An tAire;
- Údaráis áitiúla, an Bord Pleanála, tionóil réigiúnacha, agus an Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA);
- Comhlachtaí gaolmhara rialála agus maoirseachta a bhfuil sainordú acu sa réimse pleanála;
- An tOireachtas;
- Comhaltaí tofa na n-údarás áitiúil;
- Gníomhaireachtaí stáit agus comhairlithe eile a bhfuil sainchúram reachtúil orthu sa phróiseas pleanála;
- Comhlachtaí tráchtála agus Státurraithe a bhfuil baint acu le bonneagar straitéiseach a sheachadadh;
- Comhlachtaí gairmiúla agus grúpaí sainleasa;
- Earnáil na nInstitiúidí Ardoideachais; agus
- Tráchtairí saineolaithe agus na meáin.

## Spriocanna

Sainaithnítear sa straitéis freisin cúig phríomhsprioc agus gníomhartha seachadta comhfhreagracha do OPR i rith thréimhse an Ráitis Straitéise.

**Sprioc 1:** Dea-cháil mar ghuth cothrom neamhspleách maidir le héifeachtúlacht phróiseas pleanála na hÉireann a chothú.

---

**Sprioc 2:** An nuálaíocht agus an fhoghlaim a chur chun cinn dóibh siúd ar fad atá ina bpáirtithe leasmhara sa phróiseas pleanála.

---

**Sprioc 3:** Díriú ar riachtanais an chustaiméara agus na ndreamanna a mbíonn OPR i dteagmháil leo.

---

**Sprioc 4:** Eagraíocht éifeachtach ardfheidhmiúcháin a chruthú a threisíonn agus a fheabhsaíonn próiseas pleanála na hÉireann.

---

**Sprioc 5:** Eagraíocht sheasmhach shofhreagrúil a chruthú atá tugtha don fhoghlaim leanúnach.

# 2 Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla

- Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla
- Aighneachtaí OPR
- Pleananna Glactha
- Athbhreithnithe Breithiúnacha



Ailt an Chorráin, Contae Dhún na nGall

**I gcomhréir le hAilt 31AM agus 31AO den Acht, tá OPR freagrach as measúnú neamhspleách a dhéanamh ar gach plean reachtúil lena chinntiú go ndéantar foráil sa phlean maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair lena mbaineann.**

## 2.1 Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla

Cinntíonn na measúnuithe seo go bhfuil beartais rialtais ábhartha á gcur i bhfeidhm agus go léirítear saincheisteanna mar athbheochan uirbeach, criosú talún, iompar, tithíocht, fostaíocht, athrú aeráide agus inbhuanaitheacht lár an bhaile sna pleananna forbartha. Dá bhrí sin, is féidir lenár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte forbairt ar bhealach inbhuanaithe agus a bheith ina n-áiteanna bríomhara le maireachtáil agus le hoibriú iontu.

Tá dhá chineál plean ann a ndéanann OPR measúnú orthu:

- **Pleananna Forbartha Cathrach/ Contae (CDPanna):** Ina leagtar amach an chroístraitéis fhoriomlán agus sainchuspóirí maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na cathrach nó an chontae; agus
- **Pleananna Ceantair Áitiúil (LDPanna):** Ina soláthraítear creatlach beartais pleanála atá níos mionsonraithe agus lena mbaineann gné níos áitiúla.

Ina theannta sin, ní mór do OPR aon athrú beartaithe ar CDPanna atá ann cheana, agus aon leasuithe ar LAPanna atá ann cheana, a mheas.

Mar chuid d'athbhreithniú agus ullmhú an phlean, déanann OPR athbhreithniú agus meastóireacht ar ábhar an phlean. Déanann OPR measúnú freisin ar an bplean deiridh a ghlactar. Maidir le hionchur OPR, tá ceithre phríomhchéim i gceist leis an bpróiseas chun pleananna a dhéanamh:

- **Céim an Pháipéir Saincheisteanna (IP):** Tarlaíonn an chéim seo roimh dhréachtú an phlean, agus cuidíonn sí le bonn eolais a chur faoi ullmhú an dréacht-CDP nó faoi ullmhú an dréacht-LAP. Bíonn comhairliúchán poiblí ar bun ag an gcéim seo, agus déanann OPR athbhreithniú ar an bpáipéar saincheisteanna lena linn agus ullmhaíonn sé barúlacha ardleibhéil. Níl an chéim sin riachtanach ach amháin i gcás pleananna forbartha cathrach agus contae, ach d'fhéadfaí í a dhéanamh freisin le haghaidh pleananna ceantair áitiúil.
- **Céim an Dréachtphlean (DP):** Ullmhaítear an dréachtphlean don chathair/chontae nó don cheantar áitiúil ábhartha le haghaidh comhairliúchán poiblí. Déanann OPR athbhreithniú ar an dréachtphlean agus féadfaidh sé moltaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt maidir le haon ghné den dréachtphlean. Teastaíonn an chéim sin beag beann ar an gcineál plean atá i gceist.
- **Céim na nAthruithe Ábhartha (MA):** Bíonn an chéim seo ann nuair a roghnaíonn comhaltaí tofa athrú a dhéanamh ar an dréachtphlean. Bíonn comhairliúchán poiblí ann ar na hathruithe ábhartha a bheartaítear, agus féadfaidh OPR moltaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt maidir le haon athruithe ábhartha a rinneadh. Ní theastaíonn an chéim sin le haghaidh na bpleananna uile.
- **Plean a Glacadh (AD):** Ag deireadh an phróisis is iad comhaltaí tofa an údaráis áitiúil ábhartha a cheapann an plean. Déanann OPR measúnú ar an bplean a glacadh agus breithníonn sé cé acu ar tugadh nó nár tugadh aghaidh go sásúil ar na moltaí a rinne OPR sa phlean a glacadh. Tá tuilleadh sonraí faoin gcéim sin i roinn 2.3.

## Measúnú OPR ar Phleananna Forbartha Cathrach/Contae (CDPanna)

Tá 31 CDP ar an iomlán ann, a léiríonn na limistéir le haghaidh an 31 údarás áitiúil. Roimh 2024, glacadh 28 de na 31 CDP.

As na trí CDP a bhí fágtha, reáhtáladh an comhairliúchán maidir leis an dréachtphlean le haghaidh Phlean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2025-2031; agus reáchtáladh comhairliúcháin chéim na n-athruithe ábhartha le haghaidh Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024-2030 agus le haghaidh Phlean Forbartha Chontae Shligigh 2024-2030.

## Athruithe ar CDPanna

Bhreithnigh OPR 13 athrú beartaithe ar na CPDanna seo a leanas atá ann cheana:

- Plean Forbartha Cathrach agus Contae Chill Chainnigh 2021-2027;
- Plean Forbartha Chontae na Mí 2021-2027;
- Plean Forbartha Chontae Chill Mhantáin 2022-2028;
- Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024;
- Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028;
- Plean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029;
- Plean Forbartha Chontae Lú 2021-2027; agus
- Plean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2019-2025.

Chomh maith leis sin, bhreithnigh OPR an páipéar saincheisteanna le haghaidh athrú molta ar Phlean Forbartha Chathair agus Chontae Chill Chainnigh 2021-2027 le hathbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Ceantair Áitiúil Chaisleán an Chomair 2018-2024, agus an plean leasaithe a áireamh laistigh den CDP.

## Measúnú OPR ar Phleananna Ceantair Áitiúil (LAPanna)

Leagtar amach cuspóirí in LAPanna le haghaidh pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ceantar sonrach. Ní mór go mbeadh LAPanna comhsheasmhach leis na CDPanna a ghabhann leo.

I gcás ina bhfuil an ceantar atá faoi réir LAP suite laistigh de cheantar feidhmiúil a bhaineann le níos mó ná údarás áitiúil amháin, ansin féadfaidh na húdaráis lena mbaineann oibriú lena chéile ar an athbhreithniú agus/nó ar LAP comhpháirteach a ullmhú.

Tar éis an LAP ábhartha a chur i gcrích, thosaigh roinnt mhaith údaráis áitiúil ar LAPanna a ullmhú, arbh iad an líon is airde cineálacha pleananna ar an ndearnadh OPR measúnú, agus rinneadh 29 LAP san iomlán a mheas le linn chéim an pháipéir saincheisteanna, chéim an dréachtphlean agus/nó chéimeanna an athraithe ábhartha.

## Leasuithe ar LAPanna

In 2024, bhreithnigh OPR trí leasú ar na LAPanna: Plean Ceantair Áitiúil Challainn 2019-2028, Plean Ceantair Áitiúil Chill Mocheallóg 2019-2025 agus Plean Ceantair Áitiúil Léim an Bhradáin 2020-2023 (arna síneadh chuig 2026).

## Rannpháirtíocht OPR le Páirtithe Leasmhara chun Tacaíocht a Thabhairt don Mheasúnú ar Phleananna

Bíonn OPR i dteagmháil le húdaráis áitiúla i gcaitheamh phróiseas déanta an phlean. Leis an rannpháirtíocht sin bíonn OPR in ann nithe tábhachtacha a bhaineann le plean beartaithe a phlé, agus faisnéis bhreise a sholáthar, amhail nuashonruithe beartais, a d’fhéadfadh tacú le hobair an údaráis áitiúil le linn phróiseas déanta an phlean. In 2024, bhuail OPR le naoi n-údarás áitiúla maidir le hathbhreithniú agus ullmhú pleananna reachtúla.

Déanann OPR teagmháil leis na trí thionól réigiúnacha chomh maith maidir le CDPanna agus LAPanna: Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA), Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA) agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt (SRA). Bíonn na tionóil réigiúnacha freagrach as tacú le pleanáil straitéiseach agus forbairt inbhuanaithe, agus déanann gach ceann de na trí thionól réigiúnacha ionadaíocht ar na húdaráis áitiúla ina limistéar réigiúnach. I rith 2024, bhuail OPR le gach ceann de na tionóil réigiúnacha.

Tacaíonn an Fóram Meastóireachta Pleananna (PEF) le rannpháirtíocht leanúnach idir OPR agus comhlachtaí forordaithe i dtaca leis an bpróiseas déanta pleananna. Éascaíonn an fóram plé agus malartú faisnéise i mbreithniú pleananna reachtúla ag OPR agus spreagann sé ailíniú beartais níos mó i measc páirtithe leasmhara i gcomhthéacs an phróisis déanta pleananna.

I measc bhaill an fhóraim, tá: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH); an Roinn Fuinnimh, Aeráide agus Cumarsáide (DECC), an Roinn Oideachais, na trí thionól réigiúnacha, Uisce Éireann, an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA), Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ). Reáchtáil OPR seacht gcruinniú den Fhóram Meastóireachta Pleananna in 2024.



Radharc ar Abhainn na Sionainne

**56**

**an líon iomlán aighneachtaí a rinne OPR in 2024**

**29%** **CDPanna**

**71%** **LAPanna**

**% aighneachtaí de réir CDPanna/LDPanna**




**Miondealú ar n haighneachtaí a rinneadh maidir le CDPanna agus athruithe de réir céime**




**Miondealú ar na haighneachtaí a rinneadh maidir le LAPanna agus leasuithe de réir céime**

**Measúnú OPR a cuireadh i gcrích maidir le 26 plean a glacadh:**
**2 CDP, 9 n-athrú, 12 LAP agus 3 leasú glactha**

| 45% | 25% | 25% | 5% |
|---|---|---|---|
| Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA) | Tionól Réigiúnach an Deiscirt (SRA) | Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA) | níos mó ná réigiún amháin |

**% aighneachtaí de réir an cheantair réigiúnaigh**

**9** **údaráis áitiúla**

**7** **Fóram Meastóireachta Pleananna**

**Teagmháil le páirtithe leasmhara: cruinnithe le húdaráis áitiúla / leis an bhFóram Meastóireachta Pleananna**

**Fíor 4** | Measúnú ar Phleananna 2024

## 2.2 Aighneachtaí OPR

Bíonn aighneachtaí OPR ar phleananna reachtúla bunaithe ar bhreithniú a dhéanamh ar raon ábhar reachtach agus beartais. I gcás na bpleananna reachtúla uile, áirítear leo sin:

- Forálacha reachtaíochta do phleananna reachtúla mar a fhoráiltear faoin Acht;
- Forálacha reachtaíochta maidir le gníomhaíochtaí lena dtugtar aghaidh ar an athrú aeráide;
- An Creat Náisiúnta Pleanála (CNP);
- An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch (SRSE);
- Straitéis Iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair (má bhaineann an plean le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath);
- Treoirlínte Alt 28 ón Aire, a bhaineann le raon ábhar maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe, amhail pleananna forbartha, soláthar tithíochta, bainistíocht riosca tuilte, bóithre náisiúnta agus réigiúnacha, miondíol, forbairt uirbeach, LAPanna, tithíocht tuaithe agus fuinneamh gaoithe; agus
- Treoracha beartais arna n-eisiúint ag an Aire faoi Alt 29 den Acht.

Féadfaidh moltaí agus/nó tuairimí a bheith san áireamh in aighneachtaí OPR chuig údaráis áitiúla ag céim an dréachtphlean agus/nó céim na n-athruithe ábhartha. Mar gheall ar ghné ardleibhéil na bpáipéar saincheisteanna, ní thugann OPR moltaí nó tuairimí foirmiúla ag an gcéim seo. Cuirtear comhairle straitéiseach agus/nó treoir ar pháipéar saincheisteanna ar fáil ina ionad sin.

Baineann **moltaí** a rinne OPR le sáruithe follasacha ar: fhorálacha ábhartha reachtaíochta; chreat beartais náisiúnta nó réigiúnach; agus/nó ar bheartas rialtais, mar atá leagtha amach i dtreoirlínte an Aire arna n-eisiúint faoi Alt 28 den Acht.

Molann OPR go gcuirfidh an t-údarás áitiúil na moltaí sin i bhfeidhm, nó go dtabharfaidh sé aghaidh orthu, chun comhsheasmhacht leis na forálacha ábhartha beartais agus reachtaíochta a chinntiú. Mura gcomhlíontar moladh, is féidir go n-eiseofar Treoir ón Aire faoi Alt 31 den Acht.

Is é is **tuairimí** a thugann OPR iarrataí ar thuilleadh faisnéise, fírinniú ar ábhar ar leith, nó soiléiriú maidir le forálacha áirithe de phlean ar shaincheisteanna a theastaíonn chun a chinntiú go bhfuil sé ailínithe le forálacha beartais agus reachtacha. Iarrann OPR ar an údarás áitiúil tuairim a chur i ngníomh.

Féadfar go mbeidh comhairle san áireamh in aighneacht maidir le nithe a mheasann OPR a chuirfeadh le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. Iarrann OPR go mbreithníonn údaráis áitiúla aon chomhairle atá san áireamh in aighneacht ina hiomláine.

In 2024, rinne OPR 150 moladh agus 58 tuairim san iomlán in aighneachtaí maidir le comhairliúcháin reachtúla. Déantar athbhreithniú ar na moltaí atá in aighneachtaí OPR de réir chatagóir reachtaíochta i bhFíor 5 agus déantar athbhreithniú ar na tuairimí de réir chatagóir reachtaíochta i bhFíor 6.

Toisc gur féidir níos mó ná foráil reachtaíochta amháin a chlúdach i moltaí agus i dtuairimí, tá difríocht idir na huimhreacha a chuirtear i láthair leis an líon iomlán moltaí agus tuairimí.




**Fíor 5** | Moltaí OPR de réir Catagóir Reachtaíochta




**Fíor 6** | Tuairimí OPR de réir Catagóir Reachtaíochta

Bhain an chuid is mó de na haighneachtaí a rinneadh in 2024 le LAPanna, agus dá réir sin, rinneadh an chuid is mó de na moltaí in aighneachtaí maidir le LAPanna. Rinneadh 100 moladh san iomlán maidir le LAPanna, agus 50 moladh maidir le CDPanna agus/nó athruithe ar CDPanna.

Baineann na moltaí le réimse cúrsaí pleanála. Ina measc sin, tá croí-straitéisí agus straitéisí lonnaíochta; dlúthfhás; comhordú an chriosaithe agus an bhonneagair; athnuachan; forbairt eacnamaíoch agus fostaíocht; iompar inbhuanaithe; agus cúrsaí maidir le baol tuile. Déantar tuilleadh plé anseo ar roinnt de na príomhchúrsaí pleanála seo:

## 1. An tAthrú Aeráide

I gcomhréir leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin 2015, arna leasú ('an tAcht Aeráide'), is Toradh Straitéiseach Náisiúnta ón gCreat Náisiúnta Pleanála é chun aistriú chuig sochaí ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.

Go háirithe, is cuid lárnach den iarracht seo iad na príomhthéamaí atá ar fáil i moltaí OPR a phléifear thíos. Is leis an ndlúthfhás, mar shampla, a chuirtear chun cinn talamhúsáid éifeachtúil agus a laghdaítear an spleáchas ar fheithiclí príobháideacha trí fhorbairt a lonnú i suíomhanna ina dtacaítear le roghanna inbhuanaithe iompair. Ar an gcaoi chéanna, le bearta agus cuspóirí um iompar inbhuanaithe agus soghluaisteacht cinntítear go leagtar spriocanna don taisteal gníomhach amach in LAPanna, agus go gcuirtear réitigh um thaisteal gníomhach san áireamh leis na spriocanna sin a bhaint amach. Áirítear leis sin réitigh amhail bealaí feabhsaithe do choisithe, bealaí rothaíochta nua nó leathnaithe agus bonneagar iompair phoiblí amhail busárais agus stadanna bus.

Mar gheall ar an athrú aeráide, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar mhinice agus déine na dtuilte, agus go mbeidh tionchair thromchúiseacha aige sin ar dhaoine aonair agus ar phobail.

Dá réir sin, is téama é bainistiú an riosca tuilte a bhaineann go minic leis an athrú aeráide i moltaí agus pleananna OPR, go háirithe i ndáil le criosú na talún i limistéir atá i mbaol tuile.

## 2. Dlúthfhás

Leagtar amach sa Chreat Náisiúnta Pleanála fís mhalartach ar fhás ár gcathracha agus ár mbailte bunaithe ar an ndlúthfhás. Leis an gcur chuige seo, spreagfar tuilleadh fáis laistigh de cheantair thógtha na gcathracha, na mbailte agus na sráidbhailte atá ann cheana féin, agus ag líonmhaireacht a thacaíonn le soláthar cost-éifeachtúil na seirbhísí poiblí. Leis an gcur chuige seo freisin, déantar foráil le haghaidh úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an mbonneagar fisiciúil, sóisialta agus pobail atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, agus cruthaítear áiteanna níos inrochtana, bíodh tú ag siúl, ag rothaíocht nó ag úsáid iompar poiblí.

Má dhéantar amhlaidh, cabhróidh an dlúthfhás le hastaíochtaí carbóin a laghdú, agus tacóidh sé le háiteanna uirbeacha atá mealltach, ináitrithe, agus ar ardchaighdeán inar féidir le daoine cónaí agus obair, ar féidir le daoine cuairt a thabhairt orthu agus inar féidir le daoine infheistíocht a dhéanamh.

Tháinig dlúthfhás chun cinn mar phríomhthéama i moltaí OPR maidir le LAPanna in 2024. Bhain sé seo go príomha le tailte a chriosú le haghaidh forbairt chónaithe lasmuigh den cheantar tógtha a bhí ann cheana, fiú nuair a bhí dóthain talún criosaithe cheana féin sa phlean i suíomhanna níos fabhraí. Is minic a bhí an bonneagar bunriachtanach in easnamh freisin sna ceantair sin, lenar áiríodh bóithre, cosáin, soilsiú, soláthar uisce, agus seirbhísí fuíolluisce.

Sna cásanna sin, i moltaí OPR iarradh ar údaráis áitiúla tosaíocht a thabhairt d'éilimh mhéadaitheacha a shásamh maidir le tithíocht a chur ar fáil sna suíomhanna lárnacha ina bhfuil seirbhísí á gcur ar fáil, agus timpeall orthu, seachas talamh a chriosú don tithíocht go príomha i suíomhanna forimeallacha agus/nó i suíomhanna nach bhfuil seirbhísí ar fáil iontu.

## 3. Iompar Inbhuanaithe agus Soghluaisteacht

Tá sprioc leagtha amach ag Éirinn glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050. Leis an sprioc sin a bhaint amach, tá sé níos tábhachtaí ná riamh córacha iompair níos inbhuanaithe a chur chun cinn. Bhí OPR sásta den chuid is mó leis an gcur chuige a lean na húdaráis áitiúla éagsúla lena chinntiú gur chuir a LAPanna aistriú chuig córacha gníomhacha inbhuanaithe taistil chun cinn, le go laghdófaí líon na dturas i gcarranna príobháideacha.

Mar shampla, maidir le Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Comhpháirteach Chora Droma Rúisc 2025-2031, thug OPR moladh do Chomhairlí Contae Liatroma agus Ros Comáin spriocanna a chur san áireamh chun an t-aistriú sin a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh air. Mar fhreagairt air sin, mhol na húdaráis áitiúla an dréacht-LAP a athrú agus spriocanna chun spleáchas ar charranna a laghdú agus chun taisteal gníomhach agus iompar poiblí á mhéadú a chur san áireamh ann.

Ar an gcaoi chéanna, áirítear leis an athrú atá beartaithe ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Longfoirt 2025-2031 ag céim an athraithe ábhartha cuspóir breise do spriocanna arna moladh ag OPR. Is próiseas leanúnach é an dá LAP a dhéanamh agus cuirfear i gcrích in 2025 é.

Chuir OPR roinnt moltaí ar fáil freisin a raibh sé mar aidhm acu taisteal gníomhach a fheabhsú trína chomhtháthú laistigh d'fheabhsuithe reatha agus d'fheabhsuithe a dhéanfar amach anseo le haghaidh ceantair forbartha.

I nDréachtphlean Ceantar Áitiúil Bhaile an Phléimeannaigh, mhol OPR tionscnaimh um thaisteal gníomhach a nascfaí go díreach leis an líonra iompair phoiblí a bhí ann cheana, rud a chuirfeadh feabhas le hinrochtaineacht ar iompar poiblí. D'fhreagair an t-údarás áitiúil go dearfach don mholadh trí shuíomhanna stadanna bus, bealaí agus bearta um thaisteal gníomhach a bhí ann cheana a shainaithint, lena chinntiú go mbeadh cur chuige comhordaithe ann i dtaca le talamhúsáid agus pleanáil iompair.

Ar an gcaoi chéanna, i bPlean Ceantair Áitiúil Comhpháirteach Mhaigh Nuad 2024-2030 mhol OPR gan athruithe beartaithe chun bearta soghluaisteachta a bhaint ón dréacht-LAP a chur i bhfeidhm, a raibh sé mar aidhm acu bealaí siúlóide agus rothaíochta a fheabhsú idir ceantair chónaithe ina raibh bunseirbhísí amhail lár an bhaile, scoileanna, agus limistéir áineasa. Bhí OPR sásta gur coinníodh na príomhbhearta sa LAP tráth a ghlactha, agus go mbeadh an siúl agus an rothaíocht i Maigh Nuad níos sábháilte agus níos áisiúla de bharr a fhorfheidhmithe.

Chomh maith leis an taisteal agus an tsoghluaisteacht inbhuanaithe a chur chun cinn, aithníonn OPR freisin an tábhacht a bhaineann leis an líonra bóithre náisiúnta a chosaint, agus rinne sé roinnt moltaí maidir leis gceist sin in 2024, rud a spreag roinnt údaráis áitiúla a bpleananna a leasú maidir le sábháilteacht agus toilleadh na mbóithre náisiúnta a chosaint.

I gcás Phlean Forbartha Chontae Shligigh 2024-2030 agus Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024-2030, níor ghlac na comhaltaí tofa le moltaí OPR i dtaca le rochtain dhíreach ag feithiclí ar bhóithre náisiúnta a bhainistiú ar mhaithe leis an tsábháilteacht ar bhóithre agus ar mhaithe le héifeachtúlacht an líonra bóithre náisiúnta a chosaint. Sa dá chás, ghlac an tAire le moladh OPR chun dréacht-Treoir a eisiúint chuig an údarás áitiúil d'fhonn na forálacha sin a bhaint ó na CDPanna a glacadh. Bhí próiseas na Treorach fós ar siúl ag deireadh 2024 don dá phlean, agus cuirfear i gcrích é in 2025.

### Bainistíocht um Riosca Tuilte

Téann an fhorbairt ar thalamh a bhfuil baol tuile ann i bhfeidhm ar dhaoine agus ar phobail a chónaíonn ann, agus is féidir léi an baol tuile a mhéadú i limistéir eile, trí thoilleadh do stóráil an uisce tuilte ar thuilemhánna a laghdú. Tá an fhadhb seo ag éirí níos práinní mar gheall ar bháisteach mhéadaithe ón athrú aeráide. Tá sé ríthábhachtach go ndéanann bainistiú um riosca tuilte eolas do chriosú talún le haghaidh forbartha trí fhorbairt mhíchuí a sheachaint i limistéir a bhfuil baol tuile iontu.

Rinne OPR 13 mholadh maidir le LAPanna i ndáil le bainistíocht um riosca tuilte. Cé gur tugadh aghaidh ar fhormhór na moltaí sin ar bhealach sásúil, i gcás aighneachtaí a rinneadh in 2024 maidir leis na hathruithe ábhartha ar Phlean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach Neidín 2023-2029, ar Phlean Ceantair Áitiúil Cheantar Bhéal an Átha 2024-2030, ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2024-2030 agus ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Ros Comáin 2024-2030, chinn na comhaltaí tofa gan glacadh le moladh OPR sainchuspóirí criosaithe míchuí a fhágáil ar lár i gcás forbairt leochaileach ar thalamh a bhfuil baol tuile ann. I ngach aon chás, rinne OPR moladh don Aire scriosadh na gcuspóirí criosaithe sin a éileamh ón LAP ábhartha. I ngach aon chás, ghlac an tAire le moladh OPR chun dréacht-Treoir a eisiúint chuig an údarás áitiúil na forálacha sin a bhaint ó na CDPanna a glacadh (féach tuilleadh sonraí maidir le Treoracha ón Aire thíos).

Rinne OPR moltaí maidir le Plean Ceantair Áitiúil Comhpháirteach Chora Droma Rúisc 2025-2031 agus maidir le Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Bhaile an Longfoirt 2025-2031 i leith sainchuspóirí beartais a áireamh chun tacú leis na scéimeanna cosanta tuilte atá beartaithe sa bhaile. Cuirfear bailchríoch ar na pleananna sin in 2025.

## 2.3 Measúnú OPR ar Phleananna a Glacadh

Tar éis chéimeanna comhairliúcháin an dréachtphlean agus na n-athruithe ábhartha, féadfaidh comhaltaí tofa an údaráis áitiúil vótáil chun plean beartaithe a ghlacadh. Nuair a ghlacann na comhaltaí tofa plean, bíonn ceithre seachtaine ag OPR an plean a mheas.

I gcás CDPanna, breithníonn OPR má tá an plean comhsheasmhach lena mholtaí agus má leagtar amach straitéis fhoriomlán ann le haghaidh pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair.

I gcás LAPanna, breithníonn OPR má tá an plean comhsheasmhach lena mholtaí agus/nó le plean forbartha an cheantair lena mbaineann.

Tagann gach plean reachtúil i bhfeidhm sé seachtaine tar éis a nglactha, agus glactar athruithe agus leasuithe láithreach. Má tá OPR sásta leis an bplean, eiseoidh sé admháil ag cur fáilte roimh an bplean. Mar sin féin, má tá an plean ar neamhréir leis na moltaí a rinne OPR, féadfaidh OPR comhairle a chur ar an Aire Treoir a eisiúint.

In 2024, glacadh 29 plean san iomlán lenár cuimsíodh: dhá CDP nua; deich n-athrú ar CDPanna a bhí ann cheana; 14 LAP nua; agus trí leasú ar LAPanna a bhí ann cheana.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar na hathruithe a glacadh ar CDPanna atá i bhfeidhm cheana féin agus tar éis measúnú a dhéanamh ar leasuithe ar phleananna atá i bhfeidhm cheana féin, chinn OPR gur tugadh aghaidh shásúil ar na moltaí, agus nach raibh gá le tuilleadh beart.[2]

[2] Bhí measúnú ar bun ar Athrú Uimh. 6 ar Phlean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2019-2025 ag deireadh na bliana 2024, ach críochnaíodh go luath in 2025 é gan gá le tuilleadh beart.

As na 14 LAP a glacadh, chinn OPR gur tugadh aghaidh shásúil ar na moltaí ann sna hocht bplean seo a leanas, agus nach raibh gá le tuilleadh beart.[3] Liostaítear i dTábla 1 iad.

I gcás fhuílleach na sé LAP agus an dá CDP a glacadh, chinn OPR go raibh údar le moladh don Aire Treoir a eisiúint (féach tuilleadh sonraí maidir le Treoracha ón Aire thíos).

| Údarás Áitiúil | Plean | Dáta Glactha | Líon Moltaí a Eisíodh |
|---|---|---|---|
| **Comhairle Contae Fhine Gall** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile an Phléimeannaigh 2024-2030 | 9 Nollaig 2024 | 2 |
| **Comhairle Contae Laoise** | Plean Ceantair Áitiúil Phort Laoise 2024-2030 | 16 Nollaig 2024 | 3 |
| **Comhairle Contae Laoise agus Comhairle Contae Cheatharlach** | Plean Ceantair Áitiúil Uirbeach Comhpháirteach Cheatharlach-na Gráige 2024-2030 | 29 Iúil 2024 | 6 |
| **Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh** | Plean Ceantair Áitiúil Áth Dara 2024-2030 | 13 Feabhra 2024 | 1 |
| | Plean Ceantair Áitiúil Thobar Phádraig 2024-2030 | 26 Feabhra 2024 | 1 |
| **Comhairle Contae Thiobraid Árann** | Plean Ceantair Áitiúil Chluain Meala 2024-2030 | 12 Feabhra 2024 | 6 |
| | Plean Ceantair Áitiúil Dhurlais 2024-2030 | 12 Feabhra 2024 | 6 |
| | Plean Ceantair Áitiúil an Aonaigh 2024-2030 | 12 Feabhra 2024 | 6 |

**Tábla 1** | Pleananna Ceantair Áitiúil a Glacadh: Níl gá le tuilleadh beart

[3] Bhí measúnú fós ar bun ar Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile an Phléimeannaigh agus Plean Ceantair Áitiúil Phort Laoise 2024-2030 ag deireadh 2024, ach críochnaíodh go luath in 2025 é gan gá le tuilleadh beart.

## Dréacht-Treoracha

De réir Ailt 31AM agus 31AO den Acht, is féidir le OPR moladh a dhéanamh don Aire treoir a thabhairt d'údarás áitiúil dul i ngleic le neamhréireachtaí le ceanglais reachtúla ina phlean.

Má mheasann OPR go bhfuil gá leis seo, eiseoidh sé litir fógra don Aire ina mbeidh breac-chuntas ar an gcúis le teacht ar an gcinneadh. Míneofar sa litir fógra seo conas atá an plean neamhréireach le moltaí an OPR agus conas nach leagann an plean amach straitéis iomlán le haghaidh phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. Ullmhaíonn OPR dréacht-Treoir bheartaithe don Aire freisin.

Tar éis machnamh a dhéanamh air sin, féadfaidh an tAire dréacht-Treoir a eisiúint. Nuair a eisíonn an tAire dréacht-Treoir, ní thagann na codanna den phlean lena mbaineann an dréacht-Treoir i bhfeidhm sa phlean glactha.

In 2024, áiríodh sa dá CDP a glacadh agus i sé cinn de na LAPanna a glacadh forálacha nár thug aghaidh shásúil ar na moltaí uile a rinne OPR ag céim an dréachtphlean nó ag céim na n-athruithe ábhartha. Liostaítear na pleananna sin i dTábla 2.

| Údarás Áitiúil | Plean | Dáta Glactha | Líon Moltaí a Eisíodh |
|---|---|---|---|
| **Comhairle Chontae na Gaillimhe** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2023-2029 | 9 Eanáir 2024 | 6 |
| **Comhairle Contae Chiarraí** | Plean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach Neidín 2023-2029 | 12 Aibreán 2024 | 10 |
| **Comhairle Contae Dhún na nGall** | Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024-2030 | 16 Bealtaine 2024 | 27 |
| **Comhairle Contae Mhaigh Eo** | Plean Ceantair Áitiúil Chathair na Mart 2023-2029 | 27 Bealtaine 2024 | 7 |
| **Comhairle Chontae na Gaillimhe** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2024-2030 | 15 Iúil 2024 | 3 |
| **Comhairle Contae Ros Comáin** | Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Ros Comáin 2024-2030 | 25 Iúil 2024 | 11 |
| **Comhairle Contae Mhaigh Eo** | Plean Ceantair Áitiúil Bhéal an Átha 2024-2030 | 18 Meán Fómhair 2024 | 9 |
| **Comhairle Contae Shligigh** | Plean Forbartha Chontae Shligigh 2024-2030 | 30 Meán Fómhair 2024 | 13 |

**Tábla 2** | Dréacht-Treoracha Beartaithe a d'Eisigh OPR

Lasmuigh de Phleananna Forbartha Chontae Shligigh agus Chontae Dhún na nGall agus lasmuigh de Phlean Ceantair Áitiúil Bhéal an Átha 2024-2030, tugadh na próisis treorach i gcrích i rith 2024 agus eisíodh an Treoir ón Aire deiridh. Leagtar amach thíos mionsonraí na dTreoracha deiridh.

Ar fud na dtrí phlean reachtúla atá fós i bhfeidhm, mhol OPR go n-eiseodh an tAire dréacht-Treoir chun 35 cuspóir criosaithe talamhúsáide a léirscriosadh. Áirítear leo sin criosuithe le haghaidh talamhúsáid tithíochta, turasóireachta, sráidbhailte tuaithe agus gnó/tionsclaíochta/fiontraíochta.

Cé go raibh na cúiseanna éagsúla leis na hathruithe a treoraíodh i ngach láthair, áiríodh leo suíomh forimeallach na ndáileachtaí talún lasmuigh de cheantar tógtha an bhaile; baol tuile; bonneagar uireasach; agus loiceadh patrúin inbhuanaithe taistil a chur chun cinn. I gcásanna inar bhain an criosú faoi thrácht le talamhúsáid tithíochta, bhí OPR lánsásta gur criosaíodh dóthain talún sa phlean i suíomhanna níos fabhraí.

Áiríodh freisin leis na dréacht-Treoracha do Phleananna Forbartha Chontae Shligigh agus Chontae Dhún na nGall ceanglas chun forálacha a scriosadh sna pleananna a bhaine le rochtain ar bhóithre náisiúnta. Ba é an chúis leis na hathruithe sin sábháilteacht agus acmhainneacht an líonra bóithre náisiúnta a chosaint.

Seachas i gcás ceann amháin de na cuspóirí criosaithe talamhúsáide i bPlean Forbartha Chontae Shligigh 2024-2030, d'aontaigh an tAire le moladh OPR agus d'eisigh dréacht-Treoir chuig Comhairlí Contae Shligigh, Dhún na nGall agus Mhaigh Eo i dtaca le fuílleach na n-athruithe treoraithe. I ngach aon chás, cuireadh an próiseas chun cinn chuig comhairliúchán poiblí agus cuirfear i gcrích in 2025 é.

## Treoracha Deiridh

Tá céimeanna forordaithe ann nach mór d'údarás áitiúil a ghlacadh nuair a fhaigheann siad dréacht-Treoir ón Aire. Ní mór don údarás comhairliúchán poiblí a dhéanamh ar an dréacht-Treoir agus ní mór don Phríomhfheidhmeannach tuarascáil a ullmhú ar na haighneachtaí a fuair an t-údarás áitiúil le linn na tréimhse comhairliúcháin.

Breithníonn OPR tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ansin agus aon aighneacht a fhaigheann OPR go díreach ó chomhaltaí tofa an údaráis áitiúil faoi thrácht. Tar éis an mheasúnaithe seo, is féidir le OPR moladh a dhéanamh don Aire chun Treoir deiridh a eisiúint le mionleasuithe san áireamh, nó gan leasú. De rogha air sin, is féidir le OPR Cigire a cheapadh má mheasann sé go bhfuil tuilleadh iniúchta de dhíth.

Tar éis dó/di machnamh ar mholadh deiridh OPR, féadfaidh an tAire Treoir a eisiúint chuig an údarás áitiúil ábhartha. Nuair a eisíonn Aire Treoir deiridh, tagann téarmaí na Treorach sin in ionad ghnéithe ábhartha an phlean láithreach bonn.

In 2024, d'eisigh OPR moltaí chuig an Aire maidir le Treoir deiridh i ndáil leis na pleananna seo a leanas:

- Plean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024-2030;
- Plean Leitir Ceanainn agus Plean Iompair Áitiúil 2023-2029;
- Plean Ceantair Áitiúil Bhaile agus Phurláin Chaisleán an Bharraigh 2023-2029;
- Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2023-2029;
- Plean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach Neidín 2023-2029;
- Plean Ceantair Áitiúil Chathair na Mart 2023-2029;
- Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2024-2030; agus
- Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Ros Comáin 2024-2030.




**Fíor 7** | Treoracha Eisithe 2024

I gcás Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2024-2030, tá an tAire i mbun cinneadh a dhéanamh an bhfuil gá le Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (SEA) nó le Measúnacht Chuí.

Críochnaíodh an próiseas Treorach do na seacht bPlean Ceantair Áitiúil in 2024. San iomlán, mhol OPR go n-eiseodh an tAire Treoir lena n-éilítear 30 athrú ar na pleananna chun na saincheisteanna a d'ardaigh OPR roimhe seo a réiteach. I ngach cás seachas trí cinn, bhain na hathruithe iarrtha le criosú talamhúsáide atá miondealaithe mar a thaispeántar i bhFíor 7 thuas.

Maidir leis na Treoracha molta maidir le cuspóirí criosaithe, ba é an chúis is coitianta a thug OPR ná go raibh an talamh criosaithe suite i suíomh forimeallach lasmuigh de limistéar foirgnithe an bhaile, rud nach raibh ag teacht le dlúthfhás agus le patrúin iompair inbhuanaithe. Is minic nach raibh bonneagar bunriachtanach sna ceantair seo freisin, amhail bóithre, cosáin, soilsiú, soláthar uisce, agus seirbhísí fuíolluisce. I gcás ina raibh an criosú ábhartha le haghaidh úsáid tithíochta, bhí OPR lán-sásta go raibh dóthain talún criosaithe ag an LAP cheana féin i suíomhanna níos fabhraí.

Tháinig bainistiú riosca tuilte chun cinn sna Treoracha deiridh molta maidir le cúig cinn de na LAPanna freisin, áit a raibh baint ag an Treoir le talamh a chriosú le haghaidh forbairt leochaileach i gceantair a raibh baol tuile iontu.

## Cúiseanna ón Aire

Sa chás nach n-aontaíonn an tAire le moladh OPR maidir leis an dréacht-Treoir nó an Treoir deiridh, ní mór dó nó di ráiteas i scríbhinn a ullmhú lena leagtar amach na cúiseanna nár aontaigh sé nó sí leis. Tagraítear dó mar an Ráiteas Cúiseanna. Is féidir baint a bheith aige leis an Treoir ina hiomláine nó, níos coitianta, le cuid den Treoir. Ní mór an Ráiteas Cúiseanna ansin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin DHLGH.

In 2024, níor aontaigh an tAire le OPR maidir le seacht gcinn den 64 athrú ar leith a moladh a bhí faoi réir mholadh dréacht-Treorach nó Threoir deiridh OPR.

Baineann siad sin le:

- Plean Forbartha Chontae Shligigh 2024-2030 (athrú amháin iarrtha);
- Plean Ceantair Áitiúil agus Plean Iompair Áitiúil Leitir Ceanainn 2023-2029 (dhá athrú iarrtha);
- Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2023-2029 (dhá athrú iarrtha); agus
- Plean Ceantair Áitiúil Chathair na Mart 2023-2029 (dhá athrú iarrtha).

I ngach cás, bhain na heisiaimh le criosuithe talún cónaithe aonair, ach níor bhain siad le haon cheann de na tailte a bhí i mbaol tuile.

I measc na gcúiseanna a bhí ag an Aire gan aontú le OPR maidir leis na pleananna thuasluaite, bhí tagairt do thailte a bheith suite i ngar d'fhorbairt, d'áiseanna agus do bhonneagar fisiciúil a bhí ann cheana, cásanna ina gcuideodh forbairt le patrún reatha na forbartha a dhaingniú agus a d'fhéadfadh tithíocht a sholáthar laistigh de thréimhse an phlean nó san fhadtéarma. Ar an mbonn seo, mheas an tAire go raibh criosú na dtailte seo le haghaidh úsáidí tithíochta réasúnta.

**Samplaí de Threoracha ón Aire**



Sa sampla seo, athchriosaíodh talamh talmhaíochta neamhsheirbhísithe le haghaidh forbairt chónaithe i gceantar atá lasmuigh den bhaile.

Bhí easpa bonneagar bunriachtanach sa chriosú seo chun tacú le forbairt chónaithe, agus bheadh sé scoite ó sheirbhísí agus áiseanna pobail agus bheadh cónaitheoirí ann spleách ar charranna.

Ní bheadh athchriosú sa chomhthéacs seo ag teacht le prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe.

SIAR CHUIG AN gCLÁR ÁBHAR



## Samplaí de Threoracha ón Aire



Sa sampla seo, criosaíodh talamh talmhaíochta laistigh de thuilemhá - gan seirbhísí agus suite lasmuigh den bhaile - le haghaidh fhorbairt chónaithe.

Chuirfeadh an criosú seo daoine agus maoin i mbaol tuile agus ní bheadh an bonneagar bunriachtanach ann chun tacú le forbairt chónaithe.

Ní bheadh athchriosú sa chomhthéacs seo ag teacht le prionsabail na pleanála cuí agus na forbartha inbhuanaithe.

## 2.4 Athbhreithnithe Breithiúnacha

Mar chomhlacht riaracháin faoi shaindualgas an Achta, is féidir athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar chinntí OPR, agus sa chás sin breithneoidh an chúirt dlíthiúlacht an phróisis cinnteoireachta go príomha. Agus an chúirt ag teacht ar a cinneadh, féadfaidh sí a mheas an bhfuil an t-údarás ag OPR cinneadh a dhéanamh, má tá an bealach a rinneadh an cinneadh cothrom, agus má chomhlíon OPR na ceanglais dhlíthiúla uile lena rialaítear a cinneadh.

D'fhéadfadh baint a bheith ag athbhreithnithe breithiúnacha le moladh OPR nó le cinneadh an Aire.

Liostaítear na pleananna a bhí faoi réir athbhreithniú breithiúnach le linn 2024 i dTábla 3.

| Ainm an Phlean | An Líon Athbhreithnithe Breithiúnacha |
|---|---|
| **Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029** | 1 |
| **Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2022-2028** | 1[4] |
| **Plean Forbartha Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2022-2028** | 1 |
| **Plean Forbartha Fhine Gall 2023-2029** | 3 |
| **Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029** | 1 |
| **Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029** | 1 |
| **Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028** | 1 |
| **Plean Forbartha Contae Átha Cliath Theas 2022-2028** | 1 |
| **Plean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028** | 2 |
| **Plean Forbartha Contae Shligigh 2024-2030** | 1 |
| **Plean agus Plean Iompair Áitiúil Leitir Ceanainn 2023-2029** | 1 |

**Tábla 3** | Pleananna atá faoi réir Athbhreithnithe Breithiúnacha

[4] Tarraingthe siar ag an iarratasóir in 2024.

# 3 Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála

- Clár Athbhreithnithe Údaráis Áitiúil
- Athbhreithniú an Bhoird Pleanála
- Láimhseáil Cásanna agus Scrúdú ar Ghearáin
- Treochtaí maidir le Láimhseáil Cásanna
- Samplaí de Chás-Staidéir



Cé Dhún Chaoin, Leithinis Dhaingean Uí Chúis, Contae Chiarraí

**Le Caibidil IV ('Athbhreithniú ar Fheidhmeanna Pleanála') de Chuid IIB den Acht, tugtar an chumhacht do OPR athbhreithniú agus/nó iniúchadh a dhéanamh ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann údaráis áitiúla agus an Bord Pleanála (ABP) lena bhfeidhmeanna pleanála a chomhlíonadh.**

Leis an Acht seo, tugtar an t-údarás do OPR monatóireacht agus meastóireacht ghníomhach a dhéanamh ar fheidhmíocht an chórais náisiúnta pleanála agus réimsí feabhsúcháin a shainaithint ar fud an 31 údarás áitiúil agus sa Bhord Pleanála.

Déanaimid maoirseacht ar sheachadadh éifeachtach feidhmeanna pleanála, rud a chuidíonn freisin le socruithe institiúideacha a neartú lena chinntiú go bhfuil an córas pleanála in ann a ról a chomhlíonadh maidir le tacaíocht a thabhairt do phobail ionchuimsitheacha, shábháilte, athléimneacha agus inbhuanaithe.

Trí athbhreithnithe agus iniúchtaí, cuirimid béim ar dhea-chleachtas agus deiseanna le haghaidh foghlaim chomhroinnte idir eagraíochtaí a shainaithint, agus tarraingímid aird chomh maith ar aon réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú. Cuirtear an bhéim fhoriomlán ar chultúr feabhais leanúnaigh a leabú in earnáil pleanála na hÉireann.

## 3.1 Clár Athbhreithnithe Údaráis Áitiúil

Déanann an OPR athbhreithniú ar gach údarás áitiúil de réir clár sceidealaithe.

Déanann ár n-athbhreithnithe na córais agus na nósanna imeachta a úsáidtear i rannóga pleanála na n-údarás áitiúil a bhreithniú.

Chomh maith leis sin, breathnaíonn siad ar phríomhréimsí um sheachadadh seirbhísí pleanála reachtúla a thacaíonn le forbairt inbhuanaithe. Áirítear leis siúd córais agus nósanna imeachta le haghaidh:

- Treoir a chur ar fáil maidir le feidhm na bainistíochta forbartha, lena n-áirítear nósanna imeachta maidir le measúnú comhshaoil, forbairt an údaráis áitiúil féin, agus forbairtí cónaithe a thógáil i gcúram;
- Forfheidhmiú pleanála, ag cinntiú go dtugtar aghaidh ar fhorbairtí neamhúdaraithe nó ar sháruithe ar choinníollacha pleanála;
- Oidhreacht ailtireachta a chosaint;
- Pleanánna forbartha a ullmhú, mar aon le bearta gaolmhara um rannpháirtíocht an phobail, measúnú comhshaoil, agus cosaint áiseanna; agus
- Forbairt talún a chur chun cinn gó gníomhach agus tionscadail chur i gcrích.

Déanann OPR anailís ar fheidhmíocht sna réimsí seo agus tugann moltaí maidir le conas ba cheart nósanna imeachta a fheabhsú nó conas is féidir caighdeáin reatha a choinneáil. Is é an aidhm fhoriomlán gníomhú mar acmhainn don chóras pleanála, ag tacú le seachadadh seirbhísí pleanála ardchaighdeáin a chomhlíonann riachtanais daoine.

Bíonn próiseas cuimsitheach bailithe faisnéise agus anailíse i gceist le gach athbhreithniú, mar aon le teagmháil a dhéanamh le hoifigigh údaráis áitiúla, chun measúnú iomlán a dhéanamh ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáidtear chun feidhmeanna pleanála a chomhlíonadh.

| Comhairle Contae na Mí | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | Comhairle Contae Ros Comáin |
|---|---|---|
| **Tugtha Chun Críche** | **Tugtha Chun Críche** | **Tosaithe** |

**Fíor 8** | Athbhreithnithe le haghaidh 2024

Déanaimid obair allamuigh freisin, ag tabhairt cuairt ar oifigí na n-údarás áitiúil agus ag obair i gcomhar le foireann na rannóige pleanála trí cheardlanna. Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise ar leathanach gréasáin ár gcláir athbhreithnithe.[5]

Foilsíodh athbhreithnithe ar Chomhairle Contae na Mí agus ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas le linn 2024.

Leagtar amach príomhthorthaí an dá athbhreithniú sin níos déanaí sa chuid seo. Ina theannta sin, cuireadh tús le hathbhreithniú ar Chomhairle Contae Ros Comáin le linn 2024, rud a léiríonn tiomantas leanúnach OPR chun cothromaíocht a chinntiú maidir le suíomhanna réigiúnacha agus comhthéacsanna pleanála.



**Feirm Ghaoithe Shliabh Bána, Contae Ros Comáin**

[5] https://www.opr.ie/clar-athbhreithnithe/?lang=ga

# Athbhreithniú ar Chomhairle Contae na Mí

Foilsíodh athbhreithniú ar Chomhairle Contae na Mí i mí na Bealtaine 2024. Fuarthas ann go bhfeidhmíonn an Chomhairle córais agus nósanna imeachta éifeachtacha agus láidre agus í ag comhlíonadh a feidhmeanna pleanála reachtúla. Bhí sé soiléir ón athbhreithniú go bhfuil ceannaireacht shoiléir agus cultúr dearfach oibre ann sa rannóg pleanála, rud a chuireann ar a cumas cuid de na rátaí fáis is suntasaí sa tír a bhainistiú, agus béim á coinneáil ar charachtar tuaithe na Mí a chosaint.

Rinneadh ocht moladh san athbhreithniú maidir le conas a d'fhéadfaí na leibhéil seirbhíse a bhí ann cheana a choinneáil agus a fheabhsú, lenar áiríodh:

- **Acmhainní a chur ar fáil don phlean forbartha agus monatóireacht a dhéanamh air:** An gá atá le hacmhainní a chur ar fáil do mhórchlár pleanála chun cinn agus do chóras chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le cuspóirí an phlean forbartha; agus
- **Forfheidhmiú:** Forbairt straitéise chun déileáil le cásanna forfheidhmithe pleanála.

Chomh maith leis sin, leagadh béim san athbhreithniú ar shamplaí de chleachtas nuálach ag Comhairle Contae na Mí maidir le córas nua a thabhairt isteach chun an ceanglas reachtúil a bhainistiú go ndéileálfar le haighneachtaí comhlíontachta pleanála laistigh de thréimhse ocht seachtaine. Cuireann cur chuige na Comhairle sampla dea-chleachtais ar fáil d'údaráis áitiúla eile maidir le conas is féidir le seirbhísí oiriúnú i gcónaí chun seirbhísí feabhsaithe do chustaiméirí a sholáthar i dtimpeallacht reachtaíochta a bhíonn ag athrú i gcónaí.



Glasbhealach ón Uaimh chuig Dún an Rí, Contae na Mí

# Athbhreithniú ar Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

Foilsíodh athbhreithniú ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas i mí Lúnasa 2024. Fuarthas san athbhreithniú go raibh córais agus nósanna imeachta an-éifeachtach i bhfeidhm ag an gComhairle chun a feidhmeanna pleanála a chomhlíonadh, agus go raibh fianaise ann ar an dea-chleachtas ar go leor bealaí.

Rinneadh sé mholadh sa tuarascáil, a ceapadh chun rath leanúnach na rannóige a chinntiú i bhfianaise éilimh reatha agus éilimh a bheidh ann amach anseo, lenar áiríodh:

- **Acmhainní a chur ar fáil don phlean forbartha agus monatóireacht a dhéanamh air:** Ag cinntiú go bhfuil acmhainní leordhóthanacha i bhfeidhm lena creatlach nuálach monatóireachta agus meastóireachta um pleananna forbartha a chur i bhfeidhm. Cabhróidh sé seo leis an gComhairle barr cumais an chórais seo a bhaint amach chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir lena cuspóirí.

Leagadh béim san athbhreithniú ar shamplaí dea-chleachtais, lenar áiríodh sraith chuimsitheach nósanna imeachta doiciméadaithe na rannóige pleanála. Cabhraíonn siad seo le seachadadh éifeachtach phríomhfheidhmeanna pleanála na rannóige a chinntiú, agus le seirbhís chomhsheasmhach, ardchaighdeáin don phobal a chinntiú ag an am céanna, agus le huirlis láidir a sholáthar don fhoireann chun próisis inmheánacha, reachtaíocht agus treoir a thuiscint.

Ina theannta sin, tá uirlisí nuálacha forbartha ag an gComhairle chun tacú le gníomhachtú talún, le soláthar tithíochta agus le monatóireacht a dhéanamh ar phleananna forbartha, rud a léiríonn a tiomantas d’fheabhsú leanúnach agus do dhea-chleachtas.



Tamhlacht, Contae Bhaile Átha Cliath Theas

## Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn

Tar éis athbhreithniú ar bith, leanann OPR ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar dhul chun cinn maidir leis na moltaí atá déanta lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go héifeachtach iad. Tá monatóireacht riachtanach chun sláine an phróisis a chinntiú. Cabhraíonn maoirseacht agus monatóireacht lena chinntiú go bhfuil na hionchuir, na gníomhaíochtaí, na haschuir agus, sa deireadh, na torthaí, ailínithe chun spriocanna inmhianaithe an bheartais náisiúnta, réigiúnaigh agus áitiúil a bhaint amach.

Déantar monatóireacht trí chur chuige céimnithe. Bíonn OPR i dteagmháil le húdarás áitiúil gach sé mhí tar éis fhoilsiú athbhreithnithe. Go ginearálta, tugann an mhonatóireacht a dhéanann OPR le fios go mbíonn moltaí athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm, nó go mbíonn dul chun cinn á dhéanamh orthu, ar fud na n-údarás áitiúil éagsúil.

I rith 2024, bhíomar i dteagmháil leis na húdaráis áitiúla seo a leanas chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na moltaí:

- **Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge:** Críochnaíodh an nuashonrú sé mhí ar dhul chun cinn agus rinneadh dul chun cinn ar an nuashonrú 12 mhí;
- **Comhairle Contae Uíbh Fhailí:** Críochnaíodh an nuashonrú sé mhí ar dhul chun cinn agus rinneadh dul chun cinn ar an nuashonrú 12 mhí; agus
- **Comhairle Contae na Mí:** Rinneadh dul chun cinn ar an nuashonrú sé mhí ar dhul chun cinn.

Ina theannta sin, tugadh chun críche an mhonatóireacht a bhí á déanamh ar chéim phíolótach an chláir athbhreithnithe (lena n-áirítear athbhreithnithe ar Chomhairlí Contae Thiobraid Árann, Lú agus Chill Dara agus ar Chomhairle Cathrach na Gaillimhe). Leagtar amach na príomhthorthaí níos déanaí sa chuid seo.

## Clár Píolótach Athbhreithnithe: Torthaí na Monatóireachta Forfheidhmithe

Chuir an OPR tús le céim phíolótach an chláir athbhreithnithe in 2021. Rinneamar athbhreithnithe ar cheithre údarás áitiúla a raibh meascán de chomhthéacsanna uirbeacha agus tuaithe iontu (Comhairlí Contae Thiobraid Árann, Lú agus Chill Dara agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe). Foilsíodh na hathbhreithnithe de réir a chéile idir 2021 agus 2022.

Tugadh an mhonatóireacht fhorfheidhmithe ar na hathbhreithnithe píolótacha chun críche in 2024. Cuireadh na moltaí a d'eascair as na hathbhreithnithe seo i bhfeidhm den chuid is mó, cé go n-aithníonn OPR gur próiseas leanúnach a bheidh i bhforfheidhmiú iomlán roinnt de na moltaí.

Príomhcheist a tháinig chun cinn sna hathbhreithnithe píolótacha ab ea ceist na n-acmhainní. Cé go mbíonn dúshláin leanúnacha roimh an earnáil maidir le hearcú agus saineolas teicniúil a choinneáil, ba ghné thábhachtach den dul chun cinn sa chlár athbhreithnithe píolótach soláthar baill foirne bhreise agus struchtúir athnuaite do na rannóga pleanála lenar bhain. Chabhraigh na feabhsuithe seo leis an mbunchloch a leagan chun feidhmeanna pleanála reachtúla na rannóg a fheabhsú.

I gcaitheamh na tréimhse monatóireachta, rinne na ceithre údarás áitiúla feabhsuithe éagsúla ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáidtear lena bpríomhfheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, ag feabhsú seachadadh seirbhísí don phobal agus ag cur dhea-chleachtas agus dheiseanna le haghaidh foghlaim chomhroinnte chun cinn.




**Fíor 9** | Athbhreithnithe Píolótacha: Moltaí Pleanála Ardtosaíochta



**An Iothlainn Aisteach, Léim an Bhradáin, Contae Chill Dara**

I measc na bpríomhthorthaí, áirítear:

## Comhairle Contae Thiobraid Árann

- **Oidhreacht ailtireachta:** D'éirigh leis an gComhairle cead a fháil saineolaithe speisialaithe tiomnaithe a earcú, lena gcinnteofar go gcomhlíonfaidh an Chomhairle a hoibleagáidí reachtúla maidir le hoidhreacht ailtireachta.
- **Neamhbhailíocht na n-iarratas pleanála:** Forbraíodh agus cuireadh plean gníomhaíochta spriocdhírithe i bhfeidhm, rud a d'fhág go raibh dul chun cinn suntasach ann maidir le rátaí neamhbhailíochta a laghdú. Cuireadh tionscnaimh réamhghníomhacha i bhfeidhm, amhail ceardlanna a óstáil, lena chinntiú go mbeadh an pobal ar an eolas faoin gcaighdeán atá riachtanach le haghaidh próiseas bailíochtaithe éifeachtach.

## Comhairle Contae Lú

- **Oiliúint:** Chuir an Chomhairle feabhas ar a tionscnaimh foghlama agus forbartha, lena n-áiríodh a nósanna imeachta lena chinntiú go bhfuil an fhoireann cothrom le dáta maidir le forbairtí i reachtaíocht, beartas, treoir agus ciorcláin phleanála. Ba cheart go gcuideodh soláthar treorach don fhoireann i ndáil le measúnú comhshaoil, mar aon le teimpléid agus nósanna imeachta seanbhunaithe, lena chinntiú go bhfuil treoir chuí ag an bhfoireann ar an réimse casta pleanála seo.
- **Forbairt an údaráis áitiúil féin:** Neartaigh an Chomhairle a nósanna imeachta maidir le seiceáil iar-chríochnaithe ar thionscadail de chuid údaráis áitiúla, lenar áiríodh comhlíontacht rannóga eile laistigh den údarás áitiúil. Cabhróidh na feabhsuithe a rinneadh leis an gComhairle cloí le ceanglais reachtúla i ndáil le forbairt an údaráis áitiúil féin.

## Comhairle Contae Chill Dara

- **Forfheidhmiú:** Tá an Chomhairle tar éis a foireann fhorfheidhmithe a neartú agus béim á cur in athuair ar chásanna forfheidhmithe a dhúnadh, lena n-áirítear tascfhórsa nua a bhunú. Tacóidh sé seo leis an gComhairle dul chun cinn a dhéanamh ar chásanna forfheidhmithe.
- **Monatóireacht ar phlean forbartha:** Tá córas monatóireachta agus forfheidhmithe níos cuimsithí curtha i bhfeidhm ag an gComhairle lena chinntiú go gcuirfear cuspóirí atá leagtha amach i bpleananna reachtúla i bhfeidhm go sásúil.

## Comhairle Cathrach na Gaillimhe

- **Cosaint an chomhshaoil:** Tá feabhas curtha ar phróisis na Comhairle maidir leis na Treoracha um Ghnáthóga agus um Measúnú Tionchair Timpeallachta (MTT) a chur i bhfeidhm. Ó rinneadh an t-athbhreithniú, cuireadh nósanna imeachta agus teimpléid i bhfeidhm (ina ndéantar tagairt do nótaí cleachtais OPR) agus tá oiliúint á cur ar fáil don fhoireann.
- **Rannpháirtíocht an phobail agus córais ar líne:** Tá tairseach réamhphleanála ar líne beo anois chun feabhas a chur ar infhaighteacht faisnéise agus cáipéisíochta pleanála ar líne. Tá feabhsuithe déanta ar an suíomh gréasáin, rud a chabhraíonn le heispéireas inrochtana agus so-úsáidte don chustaiméir a chinntiú. Chuir an rannóg pleanála tús le hoiliúint ar Chórais Faisnéise Geografaí (GIS) agus cuireadh i bhfeidhm í ar fud na Comhairle. A bhuí leis an dul chun cinn a dhéanfar, beifear in ann sonraí a bhailiú níos éasca agus comhéadan mapála atá níos inrochtana don phobal a sheachadadh ar shuíomh gréasáin na Comhairle amach anseo.

## 3.2 Moltaí Athbhreithniú an Bhoird Pleanála a Chur Chun Feidhme

Rinne OPR próiseas cuimsitheach athbhreithnithe i ndáil le feidhmiú an Bhoird Phleanála le linn 2022. Rinneadh an próiseas thar dhá chéim ar leith le cúnamh ó shaineolaithe seachtracha a raibh taithí ábhartha acu. Bhí béim san athbhreithniú ar iniúchadh a dhéanamh ar láidreacht agus éifeachtacht na gcleachtas cinnteoireachta, ar eagrú na hoibre, ar shocruithe rialachais, ar láimhseáil cháschomhad, agus ar cheisteanna struchtúrtha ábhartha níos leithne.

Cuireadh dhá thuarascáil ar leith i dtoll a chéile de thairbhe an phróisis sin, inar sonraíodh 34 moladh fhadréimseacha. I measc na moltaí seo, bhí bearta a dearadh chun acmhainn a fheabhsú maidir le cinntí pleanála tráthúla agus láidre a sheachadadh, bainistíocht chorparáideach a fheabhsú agus socruithe a fheabhsú le haghaidh rialachas inmheánach agus trédhearcachta i nósanna imeachta. Lean OPR ag obair leis an mBord Pleanála le linn 2024 chun forfheidhmiú mholtaí an athbhreithnithe a chur chun cinn. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis na moltaí a chur i bhfeidhm, lenar áiríodh:

- Acmhainneacht a thabhairt ar ais ar leibhéal boird chun an t-ualach cásanna leanúnach a láimhseáil. Toisc gur earcaíodh comhaltaí boird lántéarmacha (comhaltaí a bhí sealadach roimhe seo) agus Cathaoirleach lántéarmach (a bhí eatramhach roimhe seo), tá dul chun cinn suntasach déanta ag an mBord Pleanála i ndáil le riaráiste na gcomhad pleanála;
- Leasaíodh an reachtaíocht sa chaoi is nach féidir córaim de níos lú ná triúr comhaltaí boird a úsáid i gcás ar bith;
- Tá struchtúir neartaithe, lena n-áirítear Aonad Rialachais agus Comhlíontachta agus Aonad Tacaíochta Seirbhísí Dlí, i bhfeidhm, rud a thugann bunús daingean do chreat eiticiúil an Bhoird Phleanála agus a bhíonn mar threoir maidir le cinnteoireacht na gcomhaltaí boird agus na foirne;
- Rinneadh dul chun cinn maidir le nósanna imeachta um chinnteoireacht inmheánach a fhorbairt agus a fheabhsú lena chinntiú go bhfuil próisis thar a bheith láidir ó thaobh trédhearcachta agus cothroime de. Tá taifid de chruinnithe an bhoird ar fáil ar líne anois, rud a fheabhsaíonn trédhearcacht agus rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála; agus
- Rinneadh dul chun cinn ar an obair maidir le forbairt, feidhmíocht agus cumarsáid inmheánach na foirne chomh maith le cumarsáid sheachtrach agus teagmháil le páirtithe leasmhara.

Ní mór an dul chun cinn mór a rinneadh i dtaca le hearcaíocht foirne a aithint freisin. Cé go bhfuil earcaíocht ag leanúint ar aghaidh, ceadaíodh os cionn 100 post nua ó cuireadh athbhreithniú OPR ar bun. Tá os cionn 290 duine, lena n-áirítear comhaltaí boird, ag obair leis an mBord Pleanála anois agus táthar ag súil go mbeidh os cionn 300 ball foirne ar an iomlán ag obair ann le linn 2025.

Tá na feabhsuithe ar chórais agus nósanna imeachta a eascraíonn as forfheidhmiú mholtaí an athbhreithnithe tar éis ligean don eagraíocht a riaráiste de chomhaid pleanála a laghdú go suntasach, rud atáríthábhachtach. Cé go bhfuil gá le roinnt obair bhreise in 2025, beidh tionchar dearfach aige seo ar fud an chórais phleanála agus ar na páirtithe leasmhara ar a bhfreastalaíonn an chórais sin. Leanann OPR ag obair leis an mBord Pleanála agus le DHLGH chun a chinntiú go dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna a aithníodh tríd an bpróiseas athbhreithnithe trí chur i bhfeidhm leanúnach mholtaí an athbhreithnithe.

## 3.3 Láimhseáil Cásanna

Cé go dtugtar cumhacht shonrach do OPR faoin tAcht gearáin faoi údaráis áitiúla a iniúchadh, cuirimid béim ar chabhrú leis an bpobal maidir le gach ceist phleanála a ardaítear linn.

Is é cuspóir OPR a bheith ina ghlór neamhspleách ag croílár an chórais pleanála, ag déanamh ionadaíochta don leas poiblí. Aithnímid go ndéanann deiseanna do phobail ábhair imní a chur in iúl agus ról a ghlacadh i gcinntí a théann i bhfeidhm ar a saol forbairt inbhuanaithe a spreagadh.

Trí rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála a éascú agus a spreagadh, tá sé mar aidhm ag ár gcuid oibre um láimhseáil cásanna trédhearcacht, cuntasacht agus muinín sa chóras pleanála a chur chun cinn. Ina thaobh seo, táimid tiomanta do sheirbhís den chéad scoth a sholáthar do gach duine a dhéanann comhfhreagras linn trí sheirbhísí cothroma, éifeachtacha, cúirtéiseacha agus tráthúla a sholáthar dár gcustaiméirí uile.

Déantar teagmháil lenár bhfoireann láimhseála cásanna i ndáil le raon leathan saincheisteanna a bhaineann le pleanáil. Is féidir iad seo a rangú mar seo a leanas:

- Fiosruithe nó iarrataí ar fhaisnéis ghinearálta, lena lorgaítear soiléiriú de ghnáth faoi conas a fheidhmíonn gné ar leith den chóras pleanála;
- Aighneachtaí maidir le hoibriú an phróisis phleanála, ina soláthraítear tuairimí a bhaineann le beartas pleanála náisiúnta nó forálacha reachtúla, a léirítear go minic trí chás-staidéir nó fianaise eile; agus
- Gearáin, a bhíonn níos casta de ghnáth, agus ar a ndéantar plé níos mionsonraithe thíos.

Breithníonn OPR an comhfhreagras go léir a fhaightear go cúramach chun téamaí a thagann aníos arís is arís eile a shainaithint, agus tugtar léargas leis sin ar údair imní an phobail maidir le cúrsaí pleanála. Cuireann an fhaisnéis sin bonn eolais faoinár dtuairisciú don Aire maidir le héifeachtacht phróiseas pleanála na hÉireann. Cuireann sé lenár gclár athbhreithnithe ar údaráis áitiúla freisin agus cuidíonn sé lenár dtionscnaimh oideachais, oiliúna agus taighde a mhúnlú.

Le linn 2024, d’oscail OPR 299 cás nua maidir le raon leathan ceisteanna pleanála. Tá sé seo dhá oiread líon na gcásanna a osclaíodh in 2023, arbh ionann sin agus 148. Ba é méadú ar fhiosruithe agus aighneachtaí, seachas gearáin, ba chúis leis an méadú seo ar chásanna den chuid is mó.




**Fíor 10** | Cásanna a Fuarthas in 2024

Cé gur dtarraingíonn baill den phobal saincheisteanna éagsúla anuas, baineann mórán acu seo le hábhair lasmuigh de scóip shainchúram OPR. Ina measc seo bhí cásanna a cuireadh faoi bhráid údaráis áitiúla agus/nó an Bhoird Pleanála lena gcinneadh nó cásanna a cuireadh ar aghaidh cheana féin chuig comhlachtaí poiblí eile faoi shainordú. I gcásanna mar sin, cuirimid custaiméirí i dteagmháil leis na húdaráis, na gníomhaireachtaí nó na comhlachtaí ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ar an dream is fearr chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna nó na fiosruithe a ardaíodh.




**Fíor 11** | Cásanna OPR 2024

## Scrúdú ar Ghearáin

Táimid tiomanta do shásra cothrom agus neamhspleách a chur ar fáil chun gearáin a scrúdú agus beimid i dteagmháil agus cabhróimid, nuair is féidir, leo siúd a chuirfidh gearáin faoinár mbráid. Mar sin féin, leagtar síos san Acht tairseach ard le haghaidh scrúdú foirmiúil OPR a dhéanamh ar ghearán.

Le go n-aithneofar gearán a bheith bailí, ní mór baint a bheith aige le heagrú an údaráis áitiúil ábhartha agus leis na córais agus nósanna imeachta a úsáideann sé lena fheidhmeanna faoin Acht a chomhlíonadh. Ba cheart do chustaiméirí iarracht a dhéanamh ar dtús a ngearán a réiteach leis an údarás áitiúil ábhartha trí shásraí athbhreithnithe foirmiúla nó trína nós imeachta inmheánach um ghearáin roimh theagmháil a dhéanamh le OPR. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar ár leathanach um ghearáin.[6]

As na 113 gearán a fuarthas, rinneadh 28 réamhscrúdú de réir an Achta.

Cé go mbítear in ann réiteach simplí a fháil ar chásanna áirithe, baineann mionsonra teicniúil leathan agus casta le cuid mhór acu, agus d’fhéadfadh faisnéis bhreise a bheith de dhíth chun an toradh is fearr a bhaint amach. Uaireanta, bíonn gá le rannpháirtíocht leanúnach leis an ngearánaí agus leis an údarás áitiúil ábhartha araon. Cinntítear leis an gcur chuige cuimsitheach seo go saothraítear tuiscint chuimsitheach ar chastachtaí an cháis lena mbaineann agus go n-éascaítear réitigh éifeachtacha.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil feidhm láimhseála gearán OPR difriúil le sásraí láimhseála gearán eile cosúil leo siúd a bhíonn ag na húdaráis áitiúla agus ag Oifig an Ombudsman.

Nuair atá gearán oiriúnach dár sainchúram reachtúil, déanfaimid réamhscrúdú ar na saincheisteanna a luaitear ann. Baineann mionscrúdú teicniúil agus bailiú faisnéise ábhartha leis seo, lena n-áirítear fáisnéis ón údarás áitiúil lena mbaineann. Sa chás go seastar le gearán, is féidir go n-eiseoimid moltaí chuig an údarás áitiúil chun feabhsuithe a chinntiú ar an gcaoi a seachadann sé a sheirbhísí pleanála. Sa chás nach seastar le gearáin, féadfaimid fós comhairle a chur ar fáil nó dea-chleachtas a chomhroinnt ó údaráis áitiúla eile chun foghlaim chomhroinnte agus feabhsuithe a chothú.

***Trínár bhfeidhm ghearán, déanaimid monatóireacht ar éifeachtacht chórais phleanála na hÉireann, déanaimid ár ndícheall feabhsuithe a dhéanamh, nuair is féidir, roinnimid léargais agus tugaimid aird ar fheabhsuithe cleachtais a dhéantar in údaráis áitiúla éagsúla.***

[6] https://www.opr.ie/eolas-maidir-le-gearain/?lang=ga

### Gníomhaíocht Láimhseála Gearán

As an 113 gearán a fuarthas le linn 2024, rinne OPR réamhscrúdú ar 28 gearán. Is mar seo a leanas a bhí torthaí na gcásanna:




**Fíor 12** | Gearáin OPR 2024

### Líonra Tacaíochta na nÚdarás Áitiúil um Ghearáin

Sheol OPR Líonra Tacaíochta na nÚdarás Áitiúil um Ghearáin go poiblí mar chuid de Sheachtain Claochlaithe na Seirbhíse Poiblí 2024.

Is é sprioc an líonra seo tacú le húdaráis áitiúla seirbhísí pleanála ardchaighdeáin a sholáthar don phobal. Is é aidhm an líonra tacú le cumarsáid fheabhsaithe agus malartú eolais feabhsaithe idir údaráis áitiúla, OPR agus gníomhaireachtaí ábhartha Stáit eile.

Éascaíonn an líonra deiseanna do bhaill lena gcuid saineolais a roinnt, foghlaim óna chéile agus iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí comhoibrithe i bpríomhréimsí amhail láimhseáil ghinearálta gearán, próisis i gcomhair iniúchta, agus cumarsáid le páirtithe leasmhara.

## 3.4 Treochtaí maidir le Láimhseáil Cásanna

### Cineál Custaiméara

Ba bhaill den phobal iad formhór na gcustaiméirí a chuir cásanna, i.e. fiosrúcháin agus aighneachtaí chomh maith le gearáin, faoi bhráid OPR in 2024. Ina theannta sin, d'iarr lucht sainleasa tráchtála, údaráis áitiúla, ionadaithe tofa, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus grúpaí leasmhara cúnamh ó OPR le linn 2024. Tá an miondealú ar chustaiméirí de réir cineáil le fáil anseo.

| An Treocht maidir le Láimhseáil Cásanna | Líon |
|---|---|
| **Ball den phobal** | 248 |
| **Tráchtáil** | 21 |
| **Údarás áitiúil** | 9 |
| **Eagraíocht Rialtais** | 7 |
| **Eagraíocht neamhrialtasach (ENR)/ Sainghrúpa leasa** | 7 |
| **Polaitiúil** | 6 |
| **Na Meáin** | 1 |
| **Iomlán** | **299** |

**Tábla 4** | Miondealú ar Chustaiméirí de réir Cineáil in 2024

## Miondealú Geografach de réir Údarás Áitiúil

Ní bhaineann gach cás lena ndéileálann OPR le húdarás áitiúil nó limistéar ar leith. Baineann go leor acu leis an gcóras pleanála i gcoitinne.

Is féidir le saincheist ar leith roinnt cásanna a ghiniúint, amhail aighneachtaí ar phlean forbartha ar leith atá faoi réir athbhreithnithe/comhairliúchán poiblí.

Mar shampla, fuair muid roinnt aighneachtaí i ndáil le Plean Forbartha Chontae Shligigh in 2024.

Ar ndóigh, gineann údaráis áitiúla ina bhfuil daonra níos mó líon níos mó cásanna de ghnáth. Idir 2020-2024, bhain an líon is airde comhfhreagrais le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairlí Contae na Mí, Fhine Gall, Chill Mhantáin agus Chorcaí.




| Contae | Iomlán |
|---|---|
| Ceatharlach | 8 |
| An Cabhán | 9 |
| An Clár | 24 |
| Cathair Chorcaí | 32 |
| Contae Chorcaí | 41 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 45 |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 39 |
| Dún na nGall | 19 |
| Fine Gall | 55 |
| Cathair na Gaillimhe | 29 |
| Contae na Gaillimhe | 23 |
| Ciarraí | 28 |
| Cill Dara | 33 |
| Cill Chainnigh | 7 |
| Laois | 5 |
| Liatroim | 3 |
| Luimneach | 39 |
| An Longfort | 6 |
| Lú | 28 |
| Maigh Eo | 32 |
| An Mhí | 59 |
| Muineachán | 3 |
| Uíbh Fhailí | 12 |
| Ros Comáin | 17 |
| Sligeach | 17 |
| Áth Cliath Theas | 26 |
| Tiobraid Árann | 15 |
| Port Láirge | 24 |
| An Iarmhí | 12 |
| Loch Garman | 17 |
| Cill Mhantáin | 44 |

**Fíor 13** | Miondealú Tíreolaíoch ar Chásanna lena n-áirítear Gearáin, Fiosruithe agus Aighneachtaí 2020-2024[7]

[7] Tabhair faoi deara go léiríonn na figiúirí cásanna uathúla. Sa chás ina ndéantar roinnt aighneachtaí ar phlean forbartha an údaráis áitiúil céanna, mar shampla, meastar gur aighneacht uathúil amháin iad seo.

## Cásanna de réir na dTéamaí

Is minic gurb iad na téamaí is coitianta saincheisteanna inar féidir le OPR cúnamh a thabhairt do chustaiméirí trí fheidhmiú an chórais phleanála a shoiléiriú agus trí chomhairle a thabhairt maidir leis na conairí iomchuí trínar féidir dul i ngleic leis an gcóras sin. De ghnáth, ní saincheisteanna a thagann chun cinn go minic iad na saincheisteanna a mbíonn scrúdú foirmiúil OPR mar thoradh orthu.

Tháinig téamaí soiléire chun cinn inár láimhseáil cásanna le linn 2024. Áiríodh leo siúd an próiseas um pleananna reachtúla a dhéanamh, próiseas a chruthaigh leibhéil mhóra comhfhreagrais ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara eile. Ina thaobh seo, tá ról neamhspleách ag OPR maidir le meastóireacht a dhéanamh ar dhréachtphleananna forbartha lena chinntiú go bhfuil siad comhsheasmhach le beartas agus reachtaíocht pleanála náisiúnta agus réigiúnach. Dá réir sin, ní chuireann OPR aighneachtaí san áireamh a d'fhéadfadh a bheith curtha isteach ag páirtithe leasmhara maidir le pleananna ar leith a dhéanamh ach soláthróidh sé soiléireacht maidir leis na próisis lena mbaineann.

I rith 2024, ba phríomhthéama é tuairimí a cuireadh isteach maidir le hiarratais phleanála ar leith.

Cé nach bhfuil ról ag OPR maidir le hiarratais aonair phleanála, cinnteoimid mar sin féin go mbeidh treoir chuí ag custaiméirí i gcónaí maidir leis an bpróiseas bainistíochta forbartha.

Príomhthéama sna cásanna a fuarthas ab ea seirbhís do chustaiméirí, rud a léiríonn tábhacht tionscnamh amhail Líonra Tacaíochta na nÚdarás Áitiúil um Ghearáin, líonra de chuid OPR a thacóidh le húdaráis áitiúla chun feabhas leanúnach a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí.

Cruthaíodh líon mór comhfhreagrais freisin mar gheall ar an imní a bhí i measc an phobail maidir le forfheidhmiú pleanála. Bhain cuid mhór de na cásanna a ardaíodh le cásanna sonracha d'fhorbairt neamhúdaraithe. Chiallaigh sé seo nach raibh siad oiriúnach do shainchúram OPR agus gur shaincheisteanna iad do na húdaráis áitiúla ábhartha. Agus cásanna a bhaineann le cúrsaí forfheidhmithe á mbreithniú, is é príomhsprioc OPR a fháil amach an bhfuil na córais agus na nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm ag údaráis áitiúla chun a bhfeidhm fhoriomlán fhorfheidhmithe a chomhlíonadh.




**Fíor 14** | Príomhthéamaí Cásanna in 2024

SIAR CHUIG AN gCLÁR ÁBHAR



## 3.5 Cás-Staidéir: Gearáin a d'Fhiosraigh OPR

Léiríonn na cas-staidéir seo a leanas scrúdú foirmiúil OPR ar ghearáin agus an ról is féidir le feidhm láimhseála cásanna an OPR a imirt maidir le feidhmíocht údaráis áitiúil.

Nuair a scrúdaíonn OPR gearán, oibrímid leis an údarás áitiúil chun an cás a chur ina cheart agus chun aon fhadhbanna a réiteach a luaithe agus is féidir.

Bíodh agus nach seasfar le gach gearán a bheidh faoi réir scrúdaithe, oibríonn OPR le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí ar bhonn leanúnach chun feabhas a chur ar na caighdeáin seirbhíse a chuirtear ar fáil don phobal tríd an gcóras pleanála.



# Cás-Staidéar 1 - Seasadh leis an ngearán:

## Comhlíonadh freagrachtaí forfheidhmithe pleanála

### Achoimre ar an nGearán

Thar thréimhse ama, chuir roinnt daoine ábhair imní in iúl do OPR maidir le comhlíonadh fheidhm fhorfheidhmithe an údaráis áitiúil. Léirigh na gearáin éagsúla easpa acmhainní a bhí á ndíriú ar fheidhm fhorfheidhmithe an údaráis agus mar thoradh air sin nár tugadh aird ar chásanna forfheidhmithe ar feadh tréimhsí fada agus nár tugadh aghaidh ar sháruithe pleanála. Cé gur cuireadh gach ceann de na gearáin faoi bhráid OPR i ndáil le cásanna sonracha, nuair a cuireadh na gearáin uile seo san áireamh, ardaíodh imní maidir le saincheist chórasach.

### Anailís agus Torthaí

Le Cuid VIII den Acht, cuirtear de dhualgas ar údaráis áitiúla gníomhú i ndáil le forbairt neamhúdaraithe agus aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar choinníollacha pleanála. Tá na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo soiléir maidir leis na hamlínte chun cásanna a chur chun cinn agus chun cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu a dhéanfar nó nach ndéanfar gníomhaíocht fhorfheidhmithe a fhormhéadú, chomh maith le freagra a thabhairt ar ghearánaithe.

Agus mioniniúchadh teicniúil á dhéanamh ar an gceist, chuaigh OPR i dteagmháil leis an údarás áitiúil maidir leis na cásanna idir chamáin, agus maidir le córais agus nósanna imeachta foriomlána an údaráis chun a fhreagrachtaí forfheidhmiúcháin a chomhlíonadh. Lean an comhoibriú seo ar aghaidh le himeacht ama agus áiríodh leis iarrachtaí rianaithe chun aghaidh a thabhairt ar ualach cásanna forfheidhmithe agus ar shannadh inmheánach na n-acmhainní riachtanacha.

Dheimhnigh an próiseas seo nach raibh gníomh forfheidhmithe á thionscnamh go minic i gcomhréir leis na nósanna imeachta a raibh súil leo. Chomh maith leis sin, léirigh anailís ar staitisticí an údaráis nach mbeadh aon laghdú suntasach ar leitheadúlacht na sáruithe pleanála mar thoradh ar líon na gcásanna forfheidhmithe a bhí á bpróiseáil i gcomparáid leis an ualach cásanna. Ar deireadh, cé gur aithin an t-údarás áitiúil an dúshlán a bhí roimhe, níor sannadh aon acmhainní inmheánacha suntasacha chun aghaidh a thabhairt ar an gceist.

### Cinneadh

Leagtar amach i dtreoirlínte pleanála go bhfuil éifeachtacht na mbeartas ag brath ar sheirbhís réamhghníomhach fhorfheidhmithe a bheith curtha ar fáil agus go bhfuil cultúr forfheidhmithe ríthábhachtach le sláine an chórais phleanála a choinneáil agus lena chinntiú go n-oibríonn an córas sin chun leasa an phobail ar fad.

Bunaithe ar an gcomhfhreagras a fuarthas, an fhaisnéis ar a ndearnadh anailís, agus teagmháil an údaráis le OPR, bhí sé soiléir nach raibh na caighdeáin a rabhthas ag súil leo á mbaint amach agus, dá bhrí sin, seasadh leis an ngearán.

Trí sheasamh leis an ngearán, mhol OPR go gcuirfí straitéis i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an ualach cásanna forfheidhmithe a bhí carntha. Déanann OPR monatóireacht i gcónaí ar chomhlíonadh fheidhm fhorfheidhmithe an údaráis, lena n-áirítear na hacmhainní a chuireann sé ar fáil don rannóg pleanála.

# **Cás-Staidéar 2 -** Gearán nár seasadh leis:

## Foilsiú comhad pleanála ar líne

### Achoimre ar an nGearán

Rinneadh gearán le OPR maidir le saincheisteanna éagsúla, ina measc nár foilsíodh iarratas pleanála ar leith ar líne, mar a bheifí ag súil leis. Níor féadadh an t-iarratas faoi thrácht a aimsiú nuair a rinne OPR cuardach ar shuíomh gréasáin an údaráis. Ina theannta sin, bunaithe ar iniúchadh níos leithne ar shuíomh gréasáin an údaráis, ba chosúil nach raibh roinnt iarratas gur chóir a bheith foilsithe (bunaithe ar an seicheamh uimhriúil croineolaíoch) ar fáil.

### Anailís agus Torthaí

Ceanglaítear le Rialacháin 2020 an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Alt 38) gur cheart iarratais phleanála agus cáipéisí gaolmhara a chur ar fáil ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás áitiúil laistigh de chúig lá ón uair a fhaightear iad (faoi réir "cúinsí eisceachtúla"). Dá réir sin, chuaigh OPR i dteagmháil leis an údarás agus d'iarr sonraí maidir lena nósanna imeachta i ndáil le foilsiú comhad pleanála ar líne.

Chuir an t-údarás sonraí ar fáil maidir lena nósanna imeachta, ag deimhniú go sanntar uimhir thagartha nuair a fhaightear iarratas agus go gcuirtear an t-iarratas ar an gclár pleanála ansin. Ina dhiaidh sin, cuirtear an t-iarratas ar aghaidh chuig an gcéim bhailíochtaithe agus nuair a mheastar go bhfuil an comhad bailí, cuirtear ar aghaidh é lena fhoilsiú ar an suíomh gréasáin.

Má dhéantar an t-iarratas neamhbhailí, ní fhoilsítear aon cháipéisíocht ar an suíomh gréasáin. Shoiléirigh an Chomhairle go ndearnadh an t-iarratas a bhí i gceist neamhbhailí agus, dá réir sin, nár foilsíodh é, agus thairis sin, dheimhnigh sí gur iarratais neamhbhailí iad na hiarratais eile nach raibh fáil orthu.

Leagtar amach sna Rialacháin thuasluaite go bhfuil feidhm ag na ceanglais i ndáil le foilsiú ar líne maidir le hiarratais a bhailíochtaítear i gcomhréir leis an gcód reachtúil amháin.

### Cinneadh

Níor sheas OPR leis an ngearán mar gheall ar na soiléirithe a tugadh i bhfreagra an údaráis áitiúil. Níl aon cheanglas ann an cháipéisíocht a bhaineann le hiarratais nár bailíochtaíodh a fhoilsiú. Is féidir le páirtithe leasmhara teacht ar shonraí na n-iarratas a rinneadh neamhbhailí ar na liostaí seachtainiúla pleanála a fhoilsítear ar shuíomhanna gréasáin na n-údarás áitiúil.

# **Cás-Staidéar 3 -** Seasadh leis an ngearán:

## Comhlíonadh choinníollacha pleanála Chuid V a bhainistiú

### Achoimre ar an nGearán

Rinneadh gearán maidir leis an gcaoi ar chuir údarás áitiúil ceanglais Chuid V den Acht i bhfeidhm i ndáil le soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne. Sainaithníodh sa ghearán cásanna inar faomhadh pleanáil chónaithe ach nár léir gur deonaíodh deimhniú díolúine ina leith, ach níor fhorchuir an t-údarás áitiúil aon choinníoll pleanála lena gceanglófaí ar an bhforbróir comhaontú Chuid V a dhéanamh. Chomh maith leis sin, sainaithníodh san aighneacht cásanna inar faomhadh pleanáil lenar áiríodh coinníoll comhaontú Chuid V a dhéanamh ach ní raibh aon fhianaise sa chomhad pleanála gur comhlíonadh an coinníoll sin. Chomh maith le tagairtí a chur ar fáil don fhaomhadh sonrach pleanála, cuireadh leis an ngearán cóipeanna de cháipéisí a fuarthas ón údarás áitiúil faoin tSaoráil Faisnéise (SF).

### Anailís agus Torthaí

Agus scrúdú á dhéanamh ar na saincheisteanna a ardaíodh sa ghearán seo, d'fhéach OPR ar na sonraí a bhí ar fáil sna comhaid ábhartha phleanála ar líne, ar an bhfaisnéis a nochtadh faoi shaoráil faisnéise agus d'iarr tuarascáil ón údarás áitiúil.

De réir na hanailíse a rinne OPR ar an gcáipéisíocht a bhí ar fáil, bhí idirchaidreamh idir rannóg pleanála an údaráis áitiúil agus rannóg tithíochta an údaráis áitiúil agus rinneadh measúnú cuí ar na tograí tithíochta i ndáil lena n-oiriúnacht do sholáthar aonaid tithíochta shóisialta. Áiríodh leis sin na coinníollacha pleanála a chuir an rannóg tithíochta chun cinn leis an bhforbróir (agus thángthas ar an gconclúid nach gcuirfeadh soláthar aonaid tithíochta shóisialta ar na láithreáin ábhartha go héifeachtach le baint amach straitéis tithíochta an údaráis).

Mar sin féin, níor léir forfheidhmiú na nósanna imeachta bunriachtanacha seo sa chomhad pleanála. Ina fhreagra, d'admhaigh an t-údarás nár leor a nósanna imeachta maidir le taifead a choinneáil ar na próisis inmheánacha maidir le cinntí Chuid V ar chomhaid phleanála.

### Cinneadh

I gcás ina mbaineann Cuid V le faomhadh pleanála, ba cheart sonraí a bheith sa chomhad pleanála atá ar fáil go poiblí a léiríonn an chaoi ar cinneadh na ceanglais. Go háirithe i gcásanna ina bhfuil measúnú maidir le Cuid V leagtha amach mar choinníoll i dtaobh an fhaofa pleanála, ba cheart cáipéisíocht shoiléir a bheith sa chomhad pleanála chun an chaoi ar comhlíonadh an coinníoll sin a léiriú (tá sé sin fíorábhartha i bhfianaise na n-amlínte faofa a tugadh isteach in 2022 maidir le haighneachtaí comhlíonta).

Ós rud é nár áiríodh foráil chuí maidir le measúnuithe agus cinntí Chuid V i nós imeachta an údaráis i ndáil le comhaid phleanála a bhainistiú, seasadh leis an ngearán. Ina fhreagra maidir leis an gcás, dheimhnigh an rannóg pleanála go raibh bearta á ndéanamh aici chun a nósanna imeachta a nuashonrú chun a chinntiú go ndéanfaí taifead cuí den cháipéisíocht (a chruthaítear sa rannóg tithíochta) ar chomhaid phleanála.

Áirítear sna nósanna imeachta nuashonraithe céimeanna nua maidir le teagmháil fhoirmiúil idir an rannóg tithíochta agus an rannóg pleanála, agus áirítear iontu freisin foclaíocht nuashonraithe maidir le coinníollacha pleanála lena chinntiú go mbíonn forbróirí ar an eolas nach mór dóibh deimhniú faoi chomhaontuithe Chuid V a chur faoi bhráid na rannóige pleanála mar aighneacht chomhlíonta.

# 4

# Oideachas, Oiliúint, Taighde agus Feasacht an Phobail

- Oideachas agus Oiliúint
- Taighde
- Cumarsáid agus Anailísiú Sonraí



Glasbhealach Tarbhealaigh Choill Mhic Thomáisín, Contae Phort Láirge

**I gcomhréir leis na forálacha in Alt 31Q(1)(a) den Acht, reáchtálann OPR cláir oideachais agus oiliúna le haghaidh chomhaltaí tofa na n-údarás áitiúil i dtaca lena ról sa phróiseas pleanála. Treisítear é sin i Sprioc 2 de Ráiteas Straitéise OPR lena luaitear go spreagfaidh OPR "nuálaíocht agus foghlaim dóibh siúd uile ar páirtithe leasmhara iad sa phróiseas pleanála."**

## 4.1 Oideachas agus Oiliúint

### Oiliúint le haghaidh Comhaltaí Tofa

Dearadh clár oiliúna pleanála 2024 de chuid OPR chun forléargas ar an gcóras pleanála a thabhairt do chomhaltaí tofa, go háirithe na comhaltaí nuathofa siúd a toghadh sna toghcháin áitiúla i Meitheamh 2024. Áiríodh san fhorléargas sin an próiseas reachtúil um pleananna a dhéanamh agus an tAcht nua um Pleanáil agus Forbairt 2024 a achtaíodh i mí Dheireadh Fómhair.

Cuireadh clár oiliúna pleanála 2024 ar fáil i gcomhar le hAontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG) agus cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair.

Thug sainchainteoirí cuir i láthair ar ardchaighdeán do chomhaltaí tofa maidir leis na topaicí seo a leanas:

### Forléargas ar an gCóras Pleanála

Reáchtáladh an chéad imeacht oiliúna ar an láthair ar dhá lá ar leithligh i mí Mheán Fómhair.

Clúdaíodh na topaicí seo a leanas:

- Cineál agus Cuspóir na Pleanála;
- Ról na gComhaltaí sa Phróiseas Pleanála;
- Pleanáil agus Soláthar Bonneagair; agus
- Dearcadh na gComhaltaí ar an bPleanáil.

### Forléargas ar an Reachtaíocht Nua Phleanála

Reáchtáladh an dara himeacht oiliúna ar líne i mí Dheireadh Fómhair. Reáchtáladh an t-imeacht oiliúna sin i gcomhar le DHLGH. Sna cuir i láthair, soláthraíodh:

- Nuashonrú maidir leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2024; agus
- Sonraí maidir le Ról na gComhaltaí i bhForbairt an Phróisis Pleanála.




**Fíor 15** | Topaicí, Oiliúint na gComhaltaí Tofa 2024

## Acmhainní le haghaidh Comhaltaí Tofa

Toisc nárbh fhéidir le gach comhalta tofa freastal ar na himeachtaí oiliúna pleanála 'beo' ar líne nó ar an láthair, cuireadh na cuir i láthair agus na taifeadtaí físe ó gach imeacht oiliúna ar fáil ar **shuíomh gréasáin** OPR. Cuireann an leathanach gréasáin Ábhair Oiliúna do Chomhaltaí Tofa ar chumas na gcomhaltaí tofa cur lena gcuid eolais maidir le hábhair thráthúla phleanála, ar a gcaoithiúlacht.

## Oiliúint Foirne na nÚdarás Áitiúil agus na dTionól Réigiúnach

I gcomhréir leis na forálacha in Alt 31Q(1)(B) den Acht, tugtar sainordú do OPR cláir oideachais agus oiliúna a reáchtáil le haghaidh bhaill foirne na n-údarás áitiúil nó na dtionól réigiúnach i dtaca le cúrsaí a mheasann OPR a bheith ábhartha d'fheidhmeanna an údaráis áitiúil nó an tionóil réigiúnaigh, go háirithe i dtaca le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe.

Sa bhliain 2024, reáchtáil OPR dhá imeacht oiliúna pleanála ar líne agus ceardlann oiliúna pleanála amháin ar an láthair, a dearadh go sonrach chun freastal ar riachtanais oiliúna bhaill foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach.

## Measúnacht Chuí: Nuashonruithe agus Ábhair Foghlamtha ón gCleachtas Reatha

Reáchtáladh an chéad imeacht ar líne i mí an Mhárta, i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra de chuid DHLGH.

Sa seimineár gréasáin, dar teideal **Measúnacht Chuí: Nuashonruithe agus Ábhar Foghlamtha ón gCleachtas Reatha**, díríodh ar na réimsí seo a leanas:

- Bunghnéithe Scagtha na Measúnachta Cuí;
- Príomhthéarmaí agus Tástálacha Dlí atá le Comhlíonadh;
- Conas Dea-Chleachtas i gCáipéisíocht Measúnachta Cuí a Aithint; agus
- Conas Measúnacht Chuí Éifeachtúil a dhéanamh i dtaca le Pleananna agus Tionscadail.

## Pleanáil Spásúil Mhuirí a Chur i bhFeidhm

Reáchtáladh an dara himeacht oiliúna dar teideal **Pleanáil Spásúil Mhuirí a Chur i bhFeidhm** i mí an Mheithimh i gcomhar leis an gCumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA). Reáchtáladh an t-imeacht oiliúna ar an láthair i Mullach Íde, Contae Bhaile Átha Cliath. Sna cuir i láthair, pléadh na hábhair seo a leanas:

- Próisis um Pleanáil Spásúil Mhuirí a Chur i bhFeidhm go hÉifeachtach agus go hÉifeachtúil;
- Ról an Údaráis Rialála Limistéir Mhuirí sa Phróiseas Pleanála Muirí;
- Éascú Fuinnimh In-Athnuaite ar Muir agus Beartas Calafort;
- Ról an Bhoird Pleanála maidir le Toiliú sa Limistéar Muirí agus Ionchur na nÚdarás Pleanála Cósta;
- Pleanáil Spásúil Mhuirí a Chur i bhFeidhm: Ról an Údaráis Áitiúil; agus
- Pleanáil Spásúil Mhuirí agus Forbairt ar an gCladach.

## An Plean Forbartha agus Tailte Fostaíochta

Reáchtáladh an tríú himeacht oiliúna dar teideal **An Plean Forbartha agus Tailte Fostaíochta** ar líne i mí na Samhna, tar éis fhoilsiú Nóta Cleachtais OPR ar an ábhar agus díríodh an plé ar an méid a leanas:

- Nóta Cleachtais OPR PN04: Ag Pleanáil d'Fhás Fostaíochta: An Plean Forbartha agus Tailte Fostaíochta;
- Pleanáil Úsáide Talún: Bóithre Náisiúnta agus Fostaíocht;
- Ról Úsáid Chomhtháite na Talún agus Ról na Pleanála Iompair maidir le Bonn Eolais a chur faoin Measúnú ar Thailte Fiontraíochta agus Fostaíochta; agus
- Ábhair Mhachnaimh maidir le Seirbhísí Uisce agus Tailte Fostaíochta.




**Fíor 16** | Topaicí, Oiliúint Foirne na nÚdarás Áitiúil agus na dTionól Réigiúnach 2024

**916**

ball foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach a chláraigh le haghaidh **oiliúna in 2024**

**267**

comhalta tofa na n-údarás áitiúil a chláraigh le haghaidh **oiliúna in 2024**

**Fíor 17** | Tinreamh Oiliúna 2024

## Foghlaim Earnála agus Straitéis Forbartha

I rith 2024, d'oibrigh OPR i gcomhar le CCMA, DHLGH agus Grúpa Náisiúnta Oiliúna Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil (LASNTG) ar fhorfheidhmiú Straitéis Foghlama agus Forbartha Earnáil Pleanála an Údaráis Áitiúil.

Déanann Grúpa Oiliúna na Seirbhísí Pleanála (PSTG) maoirseacht ar an gclár oibre a bhaineann le forbairt agus soláthar na hoiliúna mar chuid den Straitéis. Tá ionadaithe de chuid CCMA, na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA), DHLGH, OPR agus LASNTG ina mbaill de PSTG.

Tosaíodh ar rolladh amach na gcúrsaí foirmiúla maidir le Bunghnéithe Pleanála i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh na cúrsaí ar fáil sna cúig ionad oiliúna réigiúnacha atá ag LASNTG (Baile Cúlann, Ros Cré, Caisleán an Bharraigh, Srath an Urláir agus Baile an Chollaigh).

San oiliúint ar Bhunghnéithe Pleanála, pléadh an méid seo a leanas:

- Riarachán Pleanála;
- Bainistíocht Forbartha;
- Pleanáil Fhorfheidhmithe; agus
- Pleanáil Chun Cinn.

Chomh maith le tacaíocht agus aiseolas a thabhairt ar na cúrsaí oiliúna, bhí OPR páirteach i soláthar an chúrsa maidir le Pleanáil Chun Cinn sna cúig ionad oiliúna réigiúnacha.

## Ábhar Oideachais a Fhoilsiú d'Fhoireann na nÚdarás Áitiúil agus an Tionóil Réigiúnaigh agus Príomhpháirtithe Leasmhara Eile

### Feasachán Dlí 'Learning from Litigation'

In 2024, lean OPR ar aghaidh ag déanamh maoirseacht ar ullmhú, foilsiú agus scaipeadh na sraithe feasacháin dlí 'Learning from Litigation'.

Soláthraítear sna feasacháin seo faisnéis maidir le fasaigh, cinntí cúirte agus treochtaí tábhachtacha atá ag teacht chun cinn agus forbhreathnú ar chásanna suntasacha ón gcásdlí pleanála agus comhshaoil a bhíonn ag síorfhorbairt.

Cuidíonn Grúpa Stiúrtha Fheasachán Dlí Pleanála le cásanna ábhartha a roghnú le háireamh i ngach eagrán den fheasachán. Sa ghrúpa sin, tá baill ainmnithe ó Choiste Dlí Comhshaoil agus Pleanála an Dlí-Chumainn, soláthróir seirbhísí dlí OPR Fieldfisher, OPR, ABP agus CCMA.

Foilsíodh ceithre eagrán den fheasachán 'Learning from Litigation' in 2024. Foilsíodh na heagráin sin i mí an Mhárta, mí an Mheithimh, mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag agus tugadh achoimre iontu ar bhreithiúnais agus ar phríomhthorthaí 18 gcás.

## OPR agus an Plean Gníomhaíochta Aireachta maidir le hAcmhainní Pleanála

### An Plean Gníomhaíochta Aireachta maidir le hAcmhainní Pleanála

Foilsíodh an Plean Gníomhaíochta Aireachta maidir le hAcmhainní Pleanála i mí Dheireadh Fómhair 2024. Bhunaigh DHLGH Grúpa Stiúrtha chun forfheidhmiú an phlean sin a chomhordú agus chun maoirseacht a dhéanamh air, agus tugadh cuireadh do OPR a bheith mar chuid den Ghrúpa sin. Is é aidhm an Phlean Gníomhaíochta Aireachta an taisce saineolais pleanála agus saineolais ghaolmhair a mhéadú agus tallann nua a thabhairt chun cinn chun riachtanais reatha agus riachtanais a bheidh ann amach anseo a chomhlíonadh. Déanfaidh OPR cathaoirleacht ar Ghrúpa Oibre a hAon lena dtabharfar aghaidh ar an Oideachas agus déanfaidh sé comhchathaoirleacht ar Ghrúpa Oibre a Cúig lena dtabharfar aghaidh ar Nuálaíocht agus Éifeachtúlacht.

### Grúpa Stiúrtha Cuibhreannais Tosaigh maidir leis an Tionscadal Printíseachta Pleanálaí

Baineann ceann de na príomhghníomhaíochtaí a luaitear sa Phlean Gníomhaíochta Aireachta maidir le hAcmhainní Pleanála (Gníomhaíocht 3) le forbairt conairí nua oideachais i dtreo gairmeacha pleanála gairmiúla lena n-áirítear deiseanna chun oiliúint a fháil ar chomhleibhéal le hoiliúint ollscoile le himeachta ama e.g. trí phrintíseachtaí agus samhlacha micridhintiúr.

In 2024, tugadh cuireadh do OPR a bheith páirteach i nGrúpa Stiúrtha Cuibhreannais Tosaigh (ICSG) le haghaidh Tionscadal Printíseachta Pleanálaí a bhí beartaithe. Tá ionadaithe de chuid DHLGH, na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), CCMA, LGMA, ABP, OPR, Institiúid Pleanála na hÉireann (IPI), agus na hearnála príobháidí ina mbaill den ghrúpa seo.

Is é aidhm ICSG togra tosaigh a fhorbairt agus a chur faoi bhráid na hOifige Náisiúnta Printíseachtaí maidir le printíseacht pleanálaí a fhorbairt i gcomhréir le Plean Printíseachta na Seirbhíse Poiblí.

## Cur Chun Cinn na Pleanála mar Rogha Ghairme

### Ag Éirí i do Phleanálaí

Le linn 2024, lean OPR ar aghaidh ag cur chun cinn na pleanála mar rogha ghairme. Seoladh feachtas nua ar na meáin shóisialta go luath in 2024 ina raibh céimithe ón tsraith 'Buail le Pleanálaí'. Tugadh léargas san fheachtas ar na cúrsaí pleanála a rinne na céimithe agus ar na deiseanna iontacha gairme a bhí ar fáil dóibh tar éis dóibh a gcéim a bhaint amach.

D'oibrigh OPR le foireann shuíomh gréasáin **CareersPortal.ie** freisin chun próifíl OPR ar an suíomh gréasáin a nuashonrú agus a fheabhsú le go spreagfaí tuilleadh daoine chun léamh faoi ghairm in earnáil na pleanála agus chun machnamh a dhéanamh ar ghairm san earnáil sin.

## 4.2 Taighde

### An Grúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta

Foráiltear in Alt 31Q (1) den Acht gur ceann de phríomhfheidhmeanna OPR ná cláir oideachais agus oiliúna a reáchtáil do chomhaltaí na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach agus do bhaill foirne na n-údarás áitiúil nó na dtionól réigiúnach.

Foráiltear in Alt 31Q (2) den Acht go ndéanfaidh OPR taighde ar chúrsaí a bhaineann lena fheidhmeanna mar aon le cúrsaí eile de réir mar a iarrann an tAire air.

Ar mhaithe le tuiscint a shaothrú ar an taighde atá ann cheana, agus chun na riachtanais eolais, oiliúna agus feasachta poiblí is oiriúnaí do na páirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil baint acu leis an bpróiseas pleanála a chinneadh, bhunaigh OPR an Grúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta (NPKG) i ndeireadh na bliana 2019.

Feidhmíonn NPKG mar choiste comhairleach do OPR maidir le staid reatha an bhoinn eolais maidir le cúrsaí pleanála práinneacha agus straitéiseacha agus maidir le bearnaí ar gá aghaidh a thabhairt orthu i gcomhar le páirtithe leasmhara. Cuireann OPR rúnaíocht ar fáil don ghrúpa.

Áirítear in NPKG ionadaithe ó earnálacha an ardoideachais agus an taighde, ó eagraíochtaí rialtasacha agus neamhrialtasacha, ón bpobal gnó, ón rialtas áitiúil, ó earnáil an chomhshaoil agus ó institiúidí pleanála a ghníomhaíonn ar son pleanálaithe gairmiúla a bhíonn ag tabhairt faoi obair san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon. Chruinnigh an grúpa trí huaire sa bhliain 2024.

I mí na Nollag, rinne OPR teagmháil le comhaltaí aonair NPKG maidir le rún OPR athbhreithniú a dhéanamh ar na Téarmaí Tagartha i leith NPKG agus chun comhaltas an ghrúpa a athdheimhniú. Tugadh suirbhé do na comhaltaí agus cuireadh na freagraí i dtoll a chéile agus úsáidfear iad chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Ghrúpa. Toisc go mbeidh Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí OPR faoi réir fhorálacha an Achta um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, ón 1 Eanáir 2025, déanfar na Téarmaí Tagartha a nuashonrú freisin chun an ceanglas nua ar NPKG aird a thabhairt ar an gCód Trédhearcachta arna ullmhú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a léiriú.

### Aschur Taighde OPR

Sa bhliain 2024, i gcomhréir le Creat Taighde Pleanála OPR agus leis an gClár Taighde um Pleanáil Straitéiseach (2023-2025), cuireadh tús le hobair, nó leanadh leis an obair, ar roinnt tionscadail taighde faoina snáitheanna seo a leanas:

**Snáithe a hAon: Saincheisteanna Pleanála**

**Snáithe a Dó: Feidhmíocht Pleanála**

**Snáithe a Trí: Cleachtas Pleanála**

# Snáithe a hAon

## Saincheisteanna Pleanála

Faoi Shnáithe a hAon (Saincheisteanna Pleanála), rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail seo a leanas:

### Tionscadal Taighde an Lárionaid Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach (LIFAR) 'InPLACE: Ag Iniúchadh Pleanála, Chomhfhorbairt Áite agus Timaistrithe'

In 2024, lean OPR lena gcomhpháirtíocht taighde leis an Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach (LIFAR) i dtaca leis an tionscadal taighde dar teideal 'InPLACE: Investigating Planning, Place-Making and Commuting'. Ba é aidhm an taighde ná iniúchadh a dhéanamh ar thionchar an timaistrithe amach ar lonnaíochtaí beaga tuaithe ag baint leas as cur chuige cás-staidéir a bhí dírithe ar phobail ar leith ar fud oileán na hÉireann (Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann) agus in Maryland, SAM.

Thacaigh OPR, LGMA, DHLGH, Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chorcaí, Iontaobhas Tomar, an Roinn Bonneagar i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Iompair in Maryland, SAM leis an tionscadal seo.

Cuireadh an tuarascáil taighde i gcrích i mí Mheán Fómhair agus seoladh go foirmiúil í i mí Dheireadh Fómhair le tacaíocht ó OPR agus LGMA.

### Tuarascáil Sraithe Taighde RSR01: Gníomhachtú Talún Athfhorbraíochta

In 2024, thug OPR a chéad Tuarascáil Sraithe Taighde RSR01 chun críche agus d'fhoilsigh í. Dhírigh an tuarascáil sin ar 'Ghníomhachtú Talún Athfhorbraíochta'.

Tugtar léargas sa tuarascáil ar na príomhcheisteanna pleanála agus ar cheisteanna eile atá fíorthábhachtach i ndáil le fás níos dlúithe a sholáthar. Sainaithníodh sa tuarascáil freisin na háisitheoirí, na bacainní agus na deiseanna a bhíonn ann agus athnuachan láithreáin idir chamáin, agus leagtar amach inti na gníomhaíochtaí faoina bhféadfaí tabhairt chun gníomhachtú talún athfhorbraíochta a chur chun cinn. Thug OPR faoin taighde i gcomhar leis an gconraitheoir ceaptha, Mitchell McDermott, sainchomhairleoirí foirgníochta. Foilsíodh an tuarascáil i mí an Mheithimh.

### Tionscadal Taighde Fhoireann Taighde UCD 'Dinimicí Tithíochta Tuaithe a Thuiscint'

I rith 2024, leanadh leis an obair ar thionscadal taighde UCD maidir le tuiscint a shaothrú ar dhinimicí tithíochta faoin tuath. Chómhaoinigh OPR agus DHLGH an taighde seo. Tá sé i gceist go gcuirfear torthaí an taighde seo ar fáil mar acmhainn do DHLGH.

### Reframe

Chómhaoinigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) tionscadal taighde dar teideal 'Ag athshamhlú an tírdhreacha mar phríomhcheist chomhshaoil trí shraith uirlisí um measúnacht ar nádúr an tírdhreacha a fhorbairt' nó 'Athshamhlú', tionscadal a cuireadh i gcrích i mí Mheán Fómhair 2024.

Bhí ionadaíocht ag OPR ar Choiste Stiúrtha an tionscadail taighde seo. Thacaigh OPR le GCC i dtaca le scaipeadh thorthaí an tionscadail seo, lenar cuimsíodh tuarascáil taighde agus sraith ghaolmhar uirlisí.

### CRAWL

Le linn 2024, thacaigh OPR le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath leis an tionscadal um thaighde ar phobail inbhuanaithe, a fuair maoiniú ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI). Úsáideann an tionscadal, dar teideal 'Ról na gCampas mar Ghníomhaithe ar son na hInsiúltachta agus na hInchónaitheachta' (CRAWL), cúig champas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath mar shaotharlanna beo chun measúnú a dhéanamh ar réitigh chun feabhas a chur ar an insiúltacht agus inchónaitheacht i bpobail, agus na réitigh sin a chur chun feidhme. Is é OPR an Cosantóir Tionchair Shochaíoch don tionscadal seo.

### Tuarascáil um Athbhreithniú ar Tháillí Pleanála

In 2023, bhunaigh an tAire Grúpa Stiúrtha chun athbhreithniú a dhéanamh ar an leibhéal reatha de tháillí iníoctha le húdaráis phleanála i ndáil le hiarratais phleanála agus ar tháillí ilchineálacha pleanála. Bhí an Grúpa Stiúrtha comhdhéanta de bhaill foirne ó DHLGH, OPR agus ionadaithe ó earnáil an údaráis áitiúil.

Chun tacú le hobair an Ghrúpa Stiúrtha, d'iarr an tAire ar OPR taighde a dhéanamh ar na costais a bhaineann le riaradh an chórais pleanála áitiúil, leibhéil reatha aisghabhála costais agus chun comhthéacs na hÉireann a chur i gcomparáid le táillí agus tobhaigh phleanála i riaracháin eile. Cuireadh an 'Tuarascáil um Athbhreithniú ar Tháillí Pleanála' i gcrích agus cuireadh faoi bhráid an Aire í i mí Eanáir 2024.

### Tairseacha MTT Iarscríbhinn II in Éirinn

In R3, chuir OPR tús le tionscadal taighde i gcomhpháirt leis an Aonad Rialacháin Pleanála AE agus Idirnáisiúnta (EUIPR) in DHLGH. Is é aidhm an taighde iniúchadh a dhéanamh ar Thairseacha MTT Iarscríbhinn II in Éirinn i ndáil leis an reachtaíocht phleanála.

Ceapadh Fieldfisher chun tabhairt faoin taighde, lena mbaineann athbhreithniú ar chásdlí ábhartha Eorpach, fasaigh dlí, anailís chomparáideach ar fhorálacha ábhartha reachtúla agus cleachtais agus nósanna imeachta gaolmhara maidir le forfheidhmiú Airteagal 4(2) den Treoir i roinnt dlínsí. Cuimsítear sa tionscadal sainanailís dlí agus chomhshaoil araon.

Fuarthas dréacht deiridh den tuarascáil i mí na Nollag agus foilseofar í in 2025.

# Snáithe a Dó

## Feidhmíocht Pleanála

Rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail seo a leanas faoi Shnáithe a Dó (Feidhmíocht Pleanála):

### Páipéar Cás-Staidéir CSP07: Cairéil agus Plean Forbartha na nÚdarás Áitiúil

In 2024, thosaigh OPR ag obair ar Pháipéar Cás-Staidéir CSP07 lena dtabharfar aghaidh ar 'Cairéil agus Plean Forbartha na nÚdarás Áitiúil'.

Tar éis chríoch an athbhreithnithe ar na beartais agus na cuspóirí a áirítear in CDPanna agus RSES maidir leis an tionscal eastóscach, cheap OPR ceistneoir struchtúrtha agus d'eisigh é chuig roinnt údaráis phleanála agus tionóil réigiúnacha i mí Iúil. Chabhraigh an t-eolas a bailíodh ó fhreagraí an cheistneora sin le bonn eolais a chur faoi dhréachtú an Pháipéir Cás-Staidéir.

Leanadh ar aghaidh leis an bPáipéar Cás-Staidéir a dhréachtú i rith 2024. Táthar ag súil go bhfoilseofar an Páipéar Cás-Staidéir in 2025.

### Páipéar Cás-Staidéir CSP08: Eitlíocht agus Plean Forbartha na nÚdarás Áitiúil

Cuireadh tús le hobair tosaigh suirbhé agus le scóip plean forbartha a mheas i ráithe 3 de 2024 do Pháipéar Cás-Staidéir CSP08 lena dtabharfar aghaidh ar 'Eitlíocht agus Plean Forbartha na nÚdarás Áitiúil'.

### Taighde/Coistí a fhaigheann Maoiniú ó GCC

Le linn 2024, ghlac OPR páirt i gcruinnithe coiste den Ghrúpa Stiúrtha maidir le tionscadail taighde atá maoinithe ag GCC, lenar cuimsíodh na tionscadail seo a leanas:

- **Measúnú ar an Athrú Aeráide in Éirinn (ICCA)**

  In R1 2024, d'fhoilsigh GCC Imleabhair 1-4 den tsraith tuarascálacha 'Measúnú ar an Athrú Aeráide in Éirinn'. Bhí ionadaíocht ag OPR ar an gCoiste Stiúrtha i gcomhair Imleabhar 2 den tsraith tuarascálacha, dar teideal 'Neodracht Aeráide a bhaint amach faoin mBliain 2050'. Tar éis fhoilsiú na sraithe tuarascálacha, chuidigh OPR le GCC plean cumarsáide a fhorbairt chun clúdach agus tionchar na tuarascála a uasmhéadú.

- **REMARC: Feabhsú Umair Sheipteacha Lochtacha: Cur Chuige Measctha maidir le Cumarsáid Riosca Comhshaoil**

  In Aibreán 2024, cuireadh tús leis an tionscadal taighde bliana seo a fuair maoiniú ó GCC. Tugadh cuireadh do OPR a bheith ar an gCoiste Stiúrtha don tionscadal. Is tionscadal taighde ildisciplíneach é seo a fhéachann le conairí a shainaithint chun rátaí níos airde feabhsúcháin dabhcha séarachais a bhaint amach le go gcosnófar an comhshaol agus sláinte an phobail.

- **SEA ar Son na Sláinte: Sraith Uirlisí chun Sláinte an Daonra agus an Duine a Chur san Áireamh ar Bhealach Cuí Comhsheasmhach i Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta**

  Is tionscadal taighde é seo a fhaigheann maoiniú ó GCC agus a phléann le forbairt sraith uirlisí chun sláinte an daonra agus an duine a chur san áireamh ar bhealach cuí comhsheasmhach i Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (SEA).

  Tugadh cuireadh do OPR a bheith ar Choiste Stiúrtha an tionscadail. Táthar ag súil go dtabharfar an tionscadal i gcrích in R1 2025.

- **SEAWAY: Rannpháirtíocht an Phobail agus Critéir Feidhmiúcháin sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta**

  I rith 2024, rinneadh dul chun cinn ar an tionscadal 'Rannpháirtíocht an Phobail agus Critéir Feidhmiúcháin sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta: An tSlí Chun Cinn i dtaca le Cleachtas', nó 'SEAWAY', a fhaigheann maoiniú ó OPR agus ó GCC.

  Is é aidhm an tionscadail seo rannpháirtíocht an phobail in SEA in Éirinn a fheabhsú agus creat téagartha um measúnacht feidhmíochta SEA agus Príomhtháscairí Feidhmíochta gaolmhara a fhorbairt. In R1, bhí OPR páirteach i gceardlann ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta, agus chuir sé físeán chun cinn ar chuntais OPR ar na meáin shóisialta, físeán a léirigh foireann thionscadal SEAWAY ina ndearnadh cur síos ar an gcaoi ar féidir le daoine a bheith rannpháirteach sa phróiseas SEA.

  In R2, cheadaigh an Coiste Stiúrtha foilsiú 'Guidance Note on Public Participation in SEA' a cuireadh chun cinn ar **shuíomh gréasáin** OPR. Táthar fós ag obair ar an tuarascáil.

# Snáithe a Trí

## Cleachtas Pleanála

Rinneadh dul chun cinn ar na tionscadail seo a leanas faoi Shnáithe a Trí (Cleachtas Pleanála):

### Nóta Cleachtais PN04: Ag Pleanáil d'Fhás Fostaíochta: An Plean Forbartha agus Tailte Fostaíochta

I rith R1 agus R2 2024, leanadh leis an obair ar Nóta Cleachtais PN04 'Ag Pleanáil d'Fhás Fostaíochta: An Plean Forbartha agus Tailte Fostaíochta' agus chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara mar chuid de sin.

Foilsíodh an tuarascáil deiridh i mí Lúnasa agus cuireadh chun cinn í go forleathan le páirtithe leasmhara OPR agus ar chuntais OPR ar na meáin shóisialta. Reáchtáladh imeacht oiliúna do bhaill foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach, a bhí nasctha le foilsiú an Nóta Chleachtais seo, i mí na Samhna.

### Monatóireacht ar Phlean Forbartha

I mí an Mheithimh, thionóil OPR ceardlann maidir le 'Monatóireacht ar Phlean Forbartha' le príomhpháirtithe leasmhara. Leis sin, tógadh ar 'Ag Tomhas a bhfuil Tábhachtach: Taighde ar Thorthaí Pleanála' le The Royal Town Planning Institute a foilsíodh in 2020 agus sainaithníodh an bealach ab fhearr le haghaidh a thabhairt ar riachtanais iad siúd atá páirteach i gcruthú pleananna agus sa mhonatóireacht ar phleananna in Éirinn.

Foilsíodh páipéar OPR inar tuairiscíodh torthaí na ceardlainne i mí na Samhna. Tá tús curtha le Nóta Cleachtais a fhorbairt bunaithe ar thorthaí na ceardlainne agus táthar ag súil go bhfoilseofar an Nóta Cleachtais sin in 2025.


Bré, Contae Chill Mhantáin

## 4.3 Cumarsáid agus Anailísiú Sonraí

### Athbhreithniú Bliantúil ar an gCóras Pleanála

In R3, rinneadh tuilleadh oibre ar an Athbhreithniú Bliantúil ar an gCóras Pleanála. Ba é an toradh air sin foilsiú na tuarascála 'Pleanáil de réir Uimhreacha' i mí na Nollag. San athbhreithniú straitéiseach cúig bliana sin ar threochtaí pleanála agus aschuir in Éirinn, idir 2019 agus 2023, soláthraítear forléargas ar phríomhthreochtaí agus ar phríomhfhigiúirí.

### Siompóisiam Náisiúnta Bonneagair

I mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil OPR Siompóisiam Náisiúnta Bonneagair ar champas Ghráinseach Ghormáin, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Labhair an tAire Donohoe agus an tAire O'Brien beirt ag an ócáid, chomh maith le 19 mbainisteoir shinsearacha ón earnáil phoiblí agus ón earnáil bhonneagair.

I measc na gcainteoirí ag an Siompóisiam bhí baill foirne ó: DHLGH, DECC, an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, NTA, LGMA, an Roinn Sláinte, DFHERIS, an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (LDA), ABP, an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) agus údaráis áitiúla éagsúla agus gníomhaireachtaí éagsúla bonneagair eile.

### Nuachtlitreacha

Foilsíodh nuachtlitreacha ráithiúla le haghaidh páirtithe leasmhara i rith 2024.

SIAR CHUIG AN gCLÁR ÁBHAR



# 5

# Gnóthaí Corparáideacha

- Tacú leis an Eagraíocht
- Rialachas
- Faisnéis Airgeadais



Inis Caoil, Contae Dhún na nGall

## 5.1 Tacú leis an Eagraíocht

### Ár bhFoireann

Tá 47 ball foirne lánaimseartha faofa ag OPR, lena n-áirítear an Rialaitheoir Pleanála. Le linn 2024, tugadh faoi fheachtais earcaíochta le go líonfaí folúntais. D'oibrigh an fhoireann iomlán lena chéile chun timpeallacht fháilteach a chruthú dár n-earcaigh nua i rith 2024. Bhí 46 ball foirne ag OPR ar an 31st Nollaig 2024.

Feidhmíonn OPR a chuid earcaíochta faoi cheadúnas a bhronn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, a fuarthas in Aibreán na bliana 2019. Baintear úsáid as painéil oscailte trí Sheirbhís na gCeapachán Poiblí (PAS) chomh maith, nuair is cuí.

Is státseirbhísigh de chuid an stáit iad baill foirne OPR agus faigheann siad luach saothair i gcomhréir le beartais an rialtais. Faigheann an Rialaitheoir Pleanála luach saothair ag grád Státseirbhíse an Rúnaí Chúnta.

### Ár nÁitreabh

Tá ár gcuid oifigí lonnaithe i dTigh na Páirce, laistigh de champas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin, atá mar chuid de Chrios Forbartha Straitéisí an Rialtais le haghaidh athbheochan an cheantair sin.

Cuireann comhshuíomh OPR ar champas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath sineirgí suntasacha ar fáil le réimse inniúlachtaí oideachais, oiliúna agus taighde ar fáil trí Scoil na hAiltireachta, Foirgníochta agus an Chomhshaoil. Tá sineirgí ar fáil chomh maith i dtaca le rochtain éasca agus cost-éifeachtúil ar áiseanna seomraí cruinnithe agus oiliúna.

### Beartais agus Nósanna Imeachta

Ó bunaíodh sinn, tá sraith beartas agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn a chuireann bunús tábhachtach ar fáil d'fheidhmiú na heagraíochta ó lá go lá.

Chomh maith leo sin, chuireamar beartais agus cóid de chuid na Státseirbhíse i bhfeidhm, lenar áiríodh an Beartas um Dhínit san Ionad Oibre agus Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

Lena chinntiú go neartófaí bonn rialachais agus bonn feidhmíochta OPR go leanúnach, leanamar ag déanamh athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais reatha agus ag cur beartais bhreise i bhfeidhm i gcaitheamh na bliana.

D'fhoilsíomar ár mbeartas um Meanapás san Ionad Oibre i mí Bealtaine 2024. Dréachtaíodh an beartas sin i gcomhréir leis an gCreat Beartais um Meanapás san Ionad Oibre d'Eagraíochtaí na Státseirbhíse, agus rinne gach ball foirne oiliúint ghaolmhar maidir le Meanapás san Ionad Oibre.

Thairis sin, forfheidhmíodh beartais agus tacaíochtaí na Státseirbhíse, mar a leagtar amach iad i gCiorclán 16/2023: Foréigean Baile agus Drochíde sa Teaghlach, ceapadh baill foirne OPR i róil tacaíochta teagmhála agus cuireadh oiliúint ar fáil don fhoireann ar fad.

### Sláinte agus Sábháilteacht

In 2024, chomhlíon OPR an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmeanna Ginearálta) 2007. Rinneadh ár n-iniúchadh sábháilteachta bliantúil, i gcomhar lenár saineolaithe seachtracha sláinte agus sábháilteachta.

Nuashonraíodh Ráiteas Sábháilteachta OPR chun na measúnuithe rioscaí is déanaí a chur san áireamh. Cuireadh oiliúint leantach sláinte agus sábháilteachta ar fáil don fhoireann le linn na bliana, lenar áiríodh oiliúint gharchabhrach agus oiliúint maor dóiteáin lena chinntiú go raibh go leor ball foirne ag feidhmiú sna róil thiomnaithe sin chun freastal ar obair chumaisc agus láimhsiú sábháilte.

Leanann an fhoireann uile ar aghaidh le hoiliúint stáisiúin oibre eirgeanamaíoch chun a chur ar a gcumas prionsabail na heirgeanamaíochta a chur i bhfeidhm ina dtimpeallacht bhaile agus oifige oibre.

Cheap OPR beirt mheasúnóirí inmheánacha ar threalamh scáileáin taispeána agus ar aonad fístaispeána a chríochnaigh an oiliúint ábhartha in 2024. Tá siad ar fáil anois chun comhairle a chur ar an bhfoireann agus chun gnáthmheasúnuithe a dhéanamh.

## An Cód Iompair agus Coimhlint Leasa

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloíonn foireann OPR le forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, nuair is cuí.

Chomh maith leis sin feidhmíonn Oifig an Rialaitheora Pleanála faoi Chód Iompair i dtaca le coimhlint leasa a bhainistiú, de bhun fhorálacha Alt 31AL den Acht. Faoin gCód, cláraíonn gach ball foirne de OPR agus an Príomhfheidhmeannach a gcuid leasanna trí dhearbhú.

## Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Cuireann Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí, agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu, aird a bheith acu ar an ngá:

- Deireadh a chur leis an idirdhealú;
- Comhionannas deiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn do bhaill foirne agus dóibh siúd dá gcuireann siad seirbhísí ar fáil; agus
- Cearta daonna a bhfoirne agus na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh a chosaint.

Aithníonn OPR go bhfuil reachtaíocht chomhionannais a chuimsíonn an naoi bhforas seo a leanas mar bhonn faoin dualgas:

1. Inscne;
2. Stádas sibhialta;
3. Stádas teaghlaigh;
4. Aois;
5. Míchumas;
6. Gnéaschlaonadh;
7. Cine;
8. Creideamh; agus
9. Ballraíocht den Lucht Siúil.

Ní mór d'fhoireann uile OPR modúl ríomhfhoghlama oiliúna Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) dar teideal 'Comhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Phoiblí' a chur i gcrích. Dearadh an modúl seo chun tacú le baill foirne laistigh de chomhlachtaí poiblí agus chun a chur ar a gcumas a ndualgais faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a thuiscint agus a chomhlíonadh.

Is fostóir comhdheiseanna í Oifig an Rialaitheora Pleanála agus feidhmíonn sí a cuid earcaíochta faoi cheadúnas a bhronn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Bhí gach próiseas earcaíochta a rinneadh i rith 2024 i ndianchomhréir le Cóid Chleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Tá OPR tiomanta do sheirbhísí a chur ar fáil ar shlí inrochtana, mar shampla, trí Oifigeach Rochtana a cheapadh a fheidhmeoidh mar phointe teagmhála do dhaoine faoi mhíchumas ar mhaith leo rochtain a fháil ar ár gcuid seirbhísí, trí **shuíomh gréasáin** inrochtana a chur ar fáil, trí ghnáth-theanga shimplí a úsáid inár gcuid cumarsáide agus trí fhotheidil agus/nó teanga chomharthaíochta a úsáid inár bhfíseáin faisnéise.

Tá OPR tiomanta do dhínit agus meas a chosaint ar fud na heagraíochta agus cuireadh i bhfeidhm an beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre, a d'ullmhaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Leanann grúpa Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (EDI) OPR lena chuid oibre chun EDI a chur chun cinn agus a fheabhsú inár n-ionad oibre. Le linn 2024, d'óstáil OPR ionadaithe ó AkiDwA agus Líonra na hÉireann um Chomhionannas Trasinscne (TENI) lena gcuid taithí agus lena ndéanann a n-eagraíochtaí a roinnt leis an bhfoireann.

Tar éis oiliúint maidir le Feasacht ar Mhíchumas a sholáthair Employers for Change a chur i gcrích, d'fhorfheidhmigh OPR an scéim um fhreastal réasúnta, scéim a sheol Comhdháil na gCeardchumann agus Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC). Is taifead beo faoi rún é pas na scéime seo ar na bacainní a bhíonn roimh bhaill foirne agus ar na comhréitigh a chomhaontaítear chun tionchar na mbacainní sin san ionad oibre a chosc nó a laghdú.

### An Ghaeilge

Chloígh OPR le hAlt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, lena n-éilítear go bhfoilsítear ar a laghad 20% d'fhógraíocht bhliantúil na gcomhlachtaí poiblí i nGaeilge agus go mbeidh 5% dá gcaiteachas ar an bhfógraíocht sna meáin Ghaeilge.

Chun cloí leis na dualgais a leagtar amach in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, cinntíonn OPR go n-aistrítear agus go bhfoilsítear go tráthúil aon cháipéisíocht ábhartha agus feachtais earcaíochta, mar aon le roinnt den fhaisnéis atá ar ár **suíomh gréasáin**.

Tá leagan dátheangach ar ainm, lógó, stáiseanóireacht agus sínithe ríomhphoist OPR agus foilsítear gach foilseachán ábhartha amhail an Tuarascáil Bhliantúil agus an Ráiteas Straitéise go dátheangach chomh maith.

Cloíonn OPR lena fhreagrachtaí reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021 chomh maith, i dtaca le soláthar seirbhísí i nGaeilge agus ainmníodh ball foirne ar leith chun déileáil le haon cheisteanna ó bhéal a fhaightear i nGaeilge.

## 5.2 Rialachas

Bunaíodh an OPR mar chomhlacht reachtúil neamhspleách. Agus a cuid feidhmeanna á chleachtadh aici tá OPR go huile agus go hiomlán neamhspleách agus tá sé freagrach don Oireachtas agus don Aire mar eagraíocht a mhaoinítear go poiblí. De réir mar a leagtar síos san Acht, is struchtúr sealbhóra oifige atá i gceist le struchtúr rialachais OPR seachas struchtúr boird neamhfheidhmiúcháin, agus déanann feidhmeannas na heagraíochta a fheidhmiúlacht a riar ó lá go lá.

### Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Bíonn an Rialaitheoir Pleanála agus ceathrar Stiúrthóirí, a bhfuil duine acu ina Leas-Rialaitheoir Pleanála, ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus cruinníonn siad go rialta faoi chlár seasta. Cuireann na cruinnithe fóram ar fáil le haghaidh athbhreithniú straitéiseach agus oibríochtúil rialta ar fheidhmiú na heagraíochta, lena n-áirítear measúnú riosca, bainistíocht airgeadais, faomhadh polasaithe agus bainistiú acmhainní.

### Cothromaíocht Inscne ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Ar an 31st Nollaig 2024, bhí triúr ban (60%) agus beirt fhear (40%) ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin.

Mar sin, comhlíonann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin sprioc an rialtais go mbeidh íosmhéid 40% ionadaíochta ag gach inscne i gCeannaireacht na gComhlachtaí Stáit.

Tá cultúr nua atá bunaithe ar luachanna á chothú ag OPR, cultúr a bheidh ríthábhachtach i dtaobh cothromaíocht inscne a chonneáil agus a chur chun cinn ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus i dtaobh cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn in oibríochtaí OPR.

| Tinreamh | Dátaí na gCruinnithe | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 15 Feabhra 2024 | 20 Meitheamh 2024 | 17 Deireadh Fómhair 2024 | 11 Nollaig 2024 |
| Lorraine O'Donoghue | ✖ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Breda Coss | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Joanna McBride | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Enda Torsney | ✖ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Paula Nyland | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |

**Tábla 5** | Sceideal na gCruinnithe a reáchtáil an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí i rith 2024

Is iad seo a leanas Comhaltaí an Choiste:

**Comhaltaí Seachtracha:**

**Lorraine O'Donoghue**
Cathaoirleach
(go dtí mí na Nollag 2024)

**Breda Coss**

**Paula Nyland**

**Comhaltaí Feidhmiúcháin:**

**Joanna McBride**
An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

**Enda Torsney**
Stiúrthóir Cúnta, Seirbhísí Corparáideacha

**Rebecca Doran**
Rúnaí an Choiste
(go dtí mí Aibreáin 2024)

**Áine Ryan**
Rúnaí an Choiste
(ó mhí na Bealtaine 2024)

## An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí

De bhun Alt 31N den Acht, is struchtúr rialachais corparáide aonair/sealbhóra oifige atá ag OPR.

Bíodh agus nach bhfuil OPR faoi shainordú coistí a bhunú a fheidhmíonn go caighdeánach mar choistí chuig boird neamhfheidhmiúcháin, ar mhaithe le trédhearcacht agus freagracht agus ar mhaithe leis an dea-chleachtas a leanúint, oibríonn OPR Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí de réir treorach a cuireadh ar fáil laistigh den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Is é ról an Choiste seo maoirseacht a chur ar fáil agus tacú leis an Rialaitheoir Pleanála i dtaca lena fhreagrachtaí i dtaobh ceisteanna a bhaineann le rialú inmheánach, rialachas corparáideach agus árachas gaolmhar. Chruinnigh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí ceithre huaire sa bhliain 2024 agus tá sonraí maidir leis na cruinnithe sin ar fáil i dTábla 5 thuas.

## Comhaontú Seachadta Feidhmíochta agus Comhaontú Formhaoirseachta

Ceann de phríomhriachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 ná gur cheart do Ranna agus do chomhlachtaí faoina gcoimirce comhaontú formhaoirseachta agus comhaontú seachadta feidhmíochta a chur i bhfeidhm, comhaontuithe ar cheart dóibh a bheith mar chuid lárnach de chreat straitéiseach agus oibríochtúil na gníomhaireachta. Chuige sin, cuireadh comhaontú formhaoirseachta agus comhaontú seachadta feidhmíochta i bhfeidhm idir DHLGH agus OPR in 2024. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar an dá cháipéis.

Chun creat rialachais OPR a neartú tuilleadh, reáchtáiltear cruinnithe idirchaidrimh rialta idir bainistíocht shinsearach DHLGH agus OPR chun monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí feidhmíochta agus rialachais, agus chun fóram a chur ar fáil inar féidir plé rialta a dhéanamh maidir le cúrsaí a mbíonn tionchar acu ar fheidhmeanna reachtúla an dá eagraíocht.

## Bainistíocht Riosca

Tá an bhainistíocht riosca mar cheann de na príomhriachtanais chun dea-rialachas corparáideach agus freagrúlacht eagraíochtúil shofhreagrúil do rioscaí a chinntiú.

Tá an fhreagracht iomlán ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Rioscaí agus an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca laistigh den eagraíocht agus inghlacthacht riosca na heagraíochta a chinneadh, agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gclár rioscaí i gcaitheamh na bliana.

Feidhmíonn OPR faoi chreat cuimsitheach um bainistíocht rioscaí, lena n-áirítear Ráiteas Inghlacthachta Riosca, Clár Rioscaí agus Beartas Bainistíochta Rioscaí. Mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar an gcreat bainistíochta rioscaí, rinne an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin measúnú ar phríomhrioscaí OPR, lena n-áirítear cur síos ar na rioscaí seo agus ar na bearta maolaithe a bhaineann leo. Cuireadh oiliúint ar bhainistíocht rioscaí ar fáil don fhoireann ar fad in R4 2024.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm le pearsanra a bhfuil oiliúint chuí orthu a feidhmíonn i dtreoir le cairt scríofa. Cuireann anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil OPR neamhchosanta orthu bonn eolais faoina chuid oibre, agus tá a phleananna iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm go gcuimseodh na pleananna seo príomhrialuithe ar bhonn leanúnach.

Rinne na hiniúchóirí inmheánacha roinnt iniúchtaí inmheánacha i rith 2024, lenar cuimsíodh:

- Iniúchadh ar chóras rialúcháin inmheánaigh OPR;
- Tuairisciú comhlíontachta;
- Meastóireacht ar phleananna reachtúla; agus
- Athbhreithniú leantach ar mholtaí na hiniúchóireachta inmheánaí a rinneadh i rith 2023.

## Córas Rialúcháin Inmheánaigh

Cinntíonn OPR go gcaomhnaítear córas rialúcháin inmheánaigh éifeachtach agus go bhfeidhmítear é i gcónaí. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha bonn eolais faoi mhonatóireacht agus faoi athbhreithniú OPR ar éifeachtacht an chórais rialúcháin inmheánaigh, tá an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre.

Tá an ardbhainistíocht laistigh de OPR freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialúcháin inmheánaigh. Rinne OPR athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialúchán inmheánach don bhliain 2024.

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Ghlac OPR an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Chomhlíon OPR an Cód in 2024, ach amháin forálacha an Chóid i dtaca le ról an Bhoird, ról an Chathaoirligh agus ról chomhaltaí an bhoird.

Is amhlaidh an cás de bharr, de réir mar a leagtar síos san Acht, gur struchtúr sealbhóra oifige atá i gceist le struchtúr rialachais OPR seachas struchtúr boird neamhfheidhmiúcháin. Mar sin, mar aon lena dhualgais mar Bhord a chur i gcrích, comhlíonann an Rialaitheoir Pleanála feidhmeanna feidhmiúcháin chomh maith.

## Straitéis agus Córais TFC

I rith 2024, lean OPR ag baint leas as raon seirbhísí Dheasc Bhainistithe Tógáil le Roinnt (BTS) arna cur ar fáil ag Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO). Cuireann Deasc Bhainistithe BTS raon croísheirbhísí TFC ar fáil ar a mbraitheann foireann OPR chun a gcuid oibre a chur i gcrích ar bhonn laethúil.

D'oibrigh OPR le OGCIO chun Microsoft Teams a chur in úsáid, clár a sholáthraíonn feidhmíocht fheabhsaithe físchomhdhála agus bhogfhóin. Leis an aistriú chuig Microsoft Teams, tá a chumas teileafónaíochta agus físchomhdhála nuachóirithe ag OPR, agus tá cur chuige "tús áite don néal" glactha aige i gcomhréir le príomhchuspóirí na Straitéise Digití agus TFC don tSeirbhís Phoiblí (Cónascadh Rialtais 2030).

D'oibrigh OPR le OGCIO ar chur i bhfeidhm leagan nua de eDocs freisin, córas bainistithe doiciméad atá bunaithe ar Microsoft SharePoint. Leis an leagan nua eDocs sin, soláthraítear feidhmíocht fheabhsaithe, chomh maith le comhéadan nua-aimseartha úsáideora. Cinntítear leis sin go mbíonn córas nua-aimseartha feidhmiúil ag foireann OPR chun cáipéisíocht a bhainistiú, agus go gcomhlíontar gnéithe den phríomhchuspóir 'Rialtas mar Ardán' de chuid Chónascadh Rialtais 2030.

## Saoráil Faisnéise (SF) agus Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol

Is comhlacht poiblí é OPR chun críocha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Mar aon le forálacha na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise, féadtar faisnéis ar an gcomhshaol a lorg ó OPR faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol, 2007-2018.

| | Saoráil Faisnéise | Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol |
|---|---|---|
| Bronnta | 2 | 1 |
| Bronnta i bpáirt | 4 | 0 |
| Tarraingthe siar | 0 | 0 |
| Aistrithe | 1 | 0 |
| Diúltaithe | 4 | 2 |
| **Iomlán** | **11** | **3** |

**Tábla 6** | Iarratais um Shaoráil Faisnéise/ Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol 2024

Cuirtear sonraí maidir le gníomhaíochtaí 2024 ar fáil i dTábla 6 thuas agus tá siad ar fáil ar **shuíomh gréasáin** OPR chomh maith ar leathanaigh thiomnaithe SF[8] agus AIE[9].

## Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosanta Sonraí

Tá OPR tiomanta do chearta agus príobháideachas daoine aonair a chosaint de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosanta Sonraí (RGCS), a chuaigh i bhfeidhm i mBealtaine na bliana 2018, agus leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988, 2003 agus 2018.

De réir mar a éilítear sa rialachán, tá Oifigeach Cosanta Sonraí tiomanta ag OPR. Déanann an tOifigeach Cosanta Sonraí athbhreithniú rialta ar na beartais um Chosaint Sonraí agus um Príobháideachas Sonraí. Cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill foirne maidir le cosaint sonraí agus cibearshlándáil i gcaitheamh na bliana.

In 2024, ní bhfuair OPR aon iarratas ar shonraí pearsanta agus ní raibh aon chás i dtaca le sárú ar shonraí pearsanta.

[8] https://www.opr.ie/saorail-faisneise/?lang=ga

[9] https://www.opr.ie/rochtain-ar-fhaisneis-maidir-leis-an-gcomhshaol/?lang=ga

## Nochtuithe Cosanta

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag OPR maidir le nochtuithe cosanta a dhéanamh, faoi Bheartas um Nochtadh Cosanta, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú). San nósanna imeachta seo leagtar amach go sonrach an próiseas inar féidir le fostaí de chuid OPR nochtadh cosanta a dhéanamh, an méid a tharlóidh nuair a dhéantar an nochtadh agus an méid a dhéanfaidh OPR chun an nochtadh a chosaint.

Tacaíonn an próiseas le tiomantas OPR i dtaca le suíomh oibre a chothú ina mbraitheann fostaithe compordach ábhair imní a chur in iúl i dtaca le héagóir fhéideartha laistigh de OPR agus na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil dóibh siúd a tharraingíonn ábhair imní anuas. Léiríonn an timpeallacht oibre seo croíluachanna OPR, go háirithe luachanna amhail ionracas, gairmiúlacht, oscailteacht agus trédhearcacht.

Tá cainéal tuairiscithe seachtrach i bhfeidhm chun nochtuithe cosanta a dhéanamh leis an Rialaitheoir Pleanála a forordaíodh mar fhaighteoir nochtuithe cosanta i ndáil le feidhmeanna OPR faoi Alt 31P den Acht.

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú), tá sé de dhualgas ar OPR tuairisc a ullmhú agus a fhoilsiú ina sonraítear an líon nochtuithe cosanta a rinneadh i gcaitheamh na bliana roimhe sin agus an gníomh (má bhí gníomh ann) a glacadh mar fhreagra ar na nochtuithe cosanta sin, tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain.

Le linn 2024, ní bhfuair OPR aon tuairiscí trí chainéil tuairiscithe inmheánacha, ná níor chuir duine forordaithe eile nó an Coimisinéir um Nochtadh Cosanta ar aghaidh chuig OPR iad. Fuarthas dhá thuairisc trí chainéal tuairiscithe seachtrach OPR.




Lána Rothar, Cathair Bhaile Átha Cliath

### Úsáid Fuinnimh 2024

Tuairiscíonn OPR go bliantúil chuig Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) i dtaca le tomhaltas fuinnimh agus sonraí lena mbaineann. Cloíonn OPR le Ciorclán 01/2020: Nósanna Imeacht chun na hAstaíochtaí a Bhaineann le Taisteal Aeir Oifigiúil a Sheach-chur (más ann dóibh).

Tá forbairt inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide i gcroílár ár gcuid feidhmeanna agus tá OPR tiomanta dár dtionchar ar an timpeallacht a laghdú a mhéid agus is féidir.

Ghlac OPR an Sainordú Ghníomhú ar son na hAeráide go hoifigiúil, a éilíonn ar chomhlachtaí de chuid na hearnála poiblí ceannaireacht a léiriú i dtaca le gníomhú ar son na haeráide, agus ullmhaítear treochlár um ghníomhú ar son na haeráide go bliantúil.

Is é an digitiú a bhíonn mar chur chuige réamhshocraithe againn seachas próisis pháipéarbhunaithe. Is foirgneamh í oifig OPR ina bhfáiltítear roimh rothair le haghaidh fostaithe agus cuairteoirí. Tá an gradam Smarter Travel Mark ag OPR lena n-aithnítear agus lena ndéantar ceiliúradh ar eagraíochtaí a thacaíonn le taisteal gníomhach agus inbhuanaithe agus leanann OPR ag tacú lenár bhfoireann agus le cuairteoirí chun tabhairt faoi thaisteal inbhuanaithe agus gníomhach.

Le linn 2024, cuireadh an cúrsa ríomhfhoghlama 'Introduction to Climate Change', atá ar fáil ar an ardán OneLearning, isteach i Straitéis Foghlama agus Forbartha OPR. Rinne an fhoireann ar fad an cúrsa seo, lena dtugtar réamhoiliúint maidir leis an athrú aeráide agus lena dtugtar eolas, atá dírithe go sonrach ar Earnáil Phoiblí na hÉireann, maidir le ceanglais dlí, freagrachtaí agus deiseanna. Roinn OPR acmhainní ón bhfeachtas náisiúnta 'Cuir Stop le Cur Amú Bia' agus ghlac sé páirt i bhfeachtas éifeachtúlachta fuinnimh an Rialtais 'Úsáid Níos Lú'.

### Fiosruithe de chuid Chomhaltaí an Oireachtais

Cuireann OPR seoladh ríomhphoist tiomnaithe, **oireachtas@opr.ie** ar fáil do chomhaltaí an Oireachtais a bhfuil eolas á lorg acu maidir lena ndéanann OPR.

Fuarthas dhá fhiosrú fhoirmiúla ó chomhaltaí Oireachtais sa bhliain 2024.

## 5.3 Faisnéis Airgeadais

Leithdháiltear buiséad OPR trí Vóta 34 na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil, fo-cheannteideal D.5. In 2024, bhí €4,673,000 i mbuiséad OPR san iomlán.

Cuireann Banc Danske seirbhísí baincéireachta OPR ar fáil.

Ina gcuid feidhmeanna cinntíonn an OPR luach ar airgead agus bainistíocht airgeadais stuama ach cloí Leis an gCód Caiteachais Phoiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta Soláthair Phoiblí Náisiúnta agus an AE agus rialacha bainistíochta airgeadais, mar aon le forálacha an Achta de réir mar a leagtar amach iad in Alt 31AG a chinntíonn freagracht agus trédhearcacht.

### Ráitis Airgeadais

Ullmhaítear Ráitis Airgeadais OPR, lena n-áirítear Ráitis maidir le Rialú Inmheánach agus an Ráiteas Rialúcháin, de réir FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais cuí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a eisíonn an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, de réir mar a fheidhmíonn Cuntasóirí Cairte Éireann.

Bíonn Ráitis Airgeadais OPR faoi réir iniúchóireacht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus déanfar iniúchóireacht ar chuntais 2024 sa bhliain 2025. Nuair a dhearbhaíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad, cuirfear na ráitis airgeadais faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus foilseofar iad ar **shuíomh gréasáin** OPR.

## Dlí Cánach

Chloígh OPR lena chuid ceanglas faoin dlí cánach sa bhliain 2024.

## Soláthar

Tá OPR tiomanta do luach ar airgead a bhaint amach agus na próisis soláthair is éifeachtúla a chur i bhfeidhm. D'fhoilsigh OPR a Phlean Soláthair Chorparáidigh agus nuashonraítear go rialta é.

Mar chomhlacht poiblí, baineann OPR úsáid as creata agus conarthaí lárnacha a chuir an Oifig Soláthair Rialtais i bhfeidhm agus réimse earraí agus seirbhísí a mbíonn éileamh orthu go comónta á soláthar againn. Sa chás nach mbíonn creat ná conradh lárnach ar fáil, feidhmíonn OPR de réir Threoracha Soláthair an Aontais Eorpaigh.

Tá Oifigeach Soláthair tiomanta ag OPR a oibríonn leis an bhfoireann chun dea-chleachtas a chur chun cinn ina gcuid gníomhaíochtaí soláthair. Foilsítear tuairisc achomair i dtaca leis na conarthaí poiblí a bhronnann OPR lena mbaineann luach níos mó ná €25,000 ar bhonn ráithiúil ar **shuíomh gréasáin** OPR.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Comhlíonann OPR forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997. Tá nósanna imeachta nua isteach nua tugtha isteach ag Oifig an Rialaitheora Pleanála chun a chinntiú go n-íoctar sonraisc laistigh den teorainn ama reachtúil. Foilsíonn OPR a thuairiscí ráithiúla um íocaíochtaí prasa ar a **shuíomh gréasáin**.



Cathair Chill Chainnigh

# Faisnéis faoin bhFoireann




Rialaitheoir Pleanála
An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha
Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Fheasacht an Phobail
An Fhoireann Seirbhísí Corparáideacha
An Fhoireann Oiliúna, Taighde agus Fheasacht an Phobail
Stiúrthóir Cúnta
Stiúrthóir Cúnta
Stiúrthóir Cúnta Cumarsáide
Stiúrthóir Cúnta
Pleanálaí Sinsearach
Pleanálaí Sinsearach
Ardoifigeach Feidhmiúcháin AD agus Rialachas
Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainisteoir Párolla
Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainisteoir Airgeadais
Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainisteoir TFC
Ardoifigeach Feidhmiúcháin Anailísí Sonraí
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Pleanála
Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Feidhmiúcháin
Oifigeach Cléireachais
Oifigeach Feidhmiúcháin

# Liosta Acrainmneacha

**ABP:** An Bord Pleanála

**AIE:** Rochtain ar Fhaisnéis maidir leis an gComhshaol

**AILG:** Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann

**BTS:** Tógáil le Roinnt

**CCMA:** An Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach

**CDP:** Pleananna Forbartha Cathrach/Contae

**CPSA:** An Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

**CSP:** Páipéar Cás-Staidéir

**DFHERIS:** An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

**DHLGH:** An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

**EIA:** Measúnacht Tionchair Timpeallachta

**EMRA:** Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre

**EMT:** Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

**EPA:** An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**SF:** Saoráil Faisnéise

**ICLRD:** An Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach

**ICSG:** Grúpa Stiúrtha Cuibhreannais Tosaigh

**TFC:** Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

**PTF:** Príomhtháscaire Feidhmíochta

**LAP:** Plean Ceantair Áitiúil

**LASNTG:** Grúpa Náisiúnta Oiliúna Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil

**LGMA:** Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil

**NDP:** Plean Forbartha Náisiúnta

**NWRA:** Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair

**NTA:** An tÚdarás Náisiúnta Iompair

**NPF:** An Creat Náisiúnta Pleanála

**NPKG:** An Grúpa Eolais um Pleanáil Náisiúnta

**OGCIO:** Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais

**OPR:** Oifig an Rialaitheora Pleanála

**PEF:** Fóram Meastóireachta Pleananna

**PN:** Nóta Cleachtais

**PSTG:** Grúpa Oiliúna na Seirbhísí Pleanála

**RSES:** An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch

**RSR:** Tuarascáil Sraithe Taighde

**MST:** Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

**SRA:** Tionól Réigiúnach an Deiscirt

**An tAcht:** An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú

**An tAcht Aeráide:** An tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015

**Binse Mahon:** Binse Fiosrúcháin maidir le Cúrsaí Áirithe Pleanála agus Íocaíochtaí

**An tAire:** An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

**Oifig an Rialaitheora Pleanála**

Teach na Páirce,
191-193A An Cuarbhóthar Thuaidh,
Baile Átha Cliath 7,
D07 EWV4

opr.ie | info@opr.ie | 01 854 6700